

Léachtaí Molta do Cheiliúradh Shacraimint na Chéad Chomaoineach Iasmuigh de Aifreann an Domhnaigh

Léachtaí Féideartha ón *mBíobla Naofa*
(Tagartha in *I nGrá Dé*)

AN CHÉAD LÉACHT

Sliocht as Céad Litir Naomh Eoin 4:7-8, 11-12

A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile mar gur ó Dhia an grá agus an té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é, agus aithníonn sé Dia. An té nach dtugann grá ní aithnid dó Dia, mar is é Dia an Grá.

A chairde cléibh, ós fíor gur thug Dia grá dúinne nach mithid dúinne grá a thabhairt dá chéile.

Ní fhaca aon duine Dia riamh. Má thugaimid grá dá chéile maireann Dia ionainn agus is lánfhoirfe ionainn a ghrá.

Briathar an Tiarna.

Sliocht as Céad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh 11:23-26

Is é fios a fuair mé féin ón Tiarna agus a thug mé daoibhse: mar atá, an oíche a bhí an Tiarna Íosa le tabhairt ar láimh, thóg sé arán agus, ar altú dó, bhris agus dúirt: 'Is é seo mo chorp atá le tabhairt suas ar bhur son; déanaigí é seo mar chuimhne orm.' Mar an gcéanna tar éis na proinne thóg sé an cupa ag rá: 'Is é an cupa seo an nuachonradh i mo chuid fola. Déanaigí é seo mar chuimhne orm a mhinice a ólfaidh sibh é.'

A mhinice, más ea, a itheann sibh an t-arán seo agus a ólann sibh an cupa, bíonn sibh ag fógairt bhás an Tiarna nó go dtiocfaidh sé.

Briathar an Tiarna.

SOISCÉAL

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Lúcas 10:38-42

Sa tslí dóibh, tháinig sé isteach i mbaile áirithe, agus chuir bean darbh ainm Marta fáilte roimhe chun a tí. Bhí deirfiúr aici darbh ainm Máire, agus bhí sí seo ina suí ag cosa an Tiarna ag éisteacht lena bhriathar. Marta féin, áfach, bhí a hintinn tógtha suas ag an iomad freastail. Stad sí os a chomhair amach agus dúirt: ‘A Thiarna, an ea nach cás leat gur fhág mo dheirfiúr an freastal fúmsa i m’aonar? Abair léi mar sin lámh chúnta a thabhairt dom.’

Dúirt an Tiarna léi á freagairt: ‘A Mharta, a Mharta, tá imní ort agus buaireamh mar gheall ar mhórán nithe. Ach níl riachtanas ach le haon ní amháin. Óir is í an pháirt is fearr ba rogha le Máire, agus ní bhainfear í sin di.’

Soiscéal an Tiarna.

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Eoin 13:3-5, 14-17

Ó bhí a fhios ag Íosa go raibh gach uile ní tugtha isteach ina lámha dó, ag an Athair, agus gur ó Dhia a ghabh sé amach, agus gur ar Dhia a bhí a thriall. D’éirigh sé ón suipéar, agus leag sé uaidh a chuid éadaigh, agus cheangail sé tuáille faoina choim. Ansin chuir sé uisce sa bháisín agus thosaigh ag ní cosa na ndeisceabal agus á dtiormú leis an tuáille a bhí faoina choim.

[Dúirt Íosa lena dheisceabail], Má rinne mise bhur gcosa a ní agus gur mé bhur dTiarna agus bhur Máistir, ba chóir daoibhse chomh maith cosa a chéile a ní. Tá sampla tugtha agam daoibh, faoi mar atá déanta agam daoibhse, go ndéanfadh sibhse mar an gcéanna.

Soiscéal an Tiarna.

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Matha 26:26-28

Le linn dóibh bheith ag ithe, thóg Íosa arán, agus ar a bheannú dó, bhris, agus á thabhairt do na deisceabail dó, dúirt: ‘Tógaigí, ithigí: is é seo mo chorp.’

Agus thóg sé cupa, agus ar altú dó, thug dóibh é ag rá: ‘Ólaigí uile as seo, óir is í seo m’fhuilse an tiomna, atá le doirteadh ar son mórán chun peacaí a mhaitheamh’.

Soiscéal an Tiarna.

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir N. Eoin 6:1-5, 7-13

Ina dhiaidh sin d’imigh Íosa anonn thar farraige na Gailíle, is é sin, farraige Thibirias. Lean slua mór é mar chonaic siad na comharthaí a bhí sé a dhéanamh ar lucht tinnis. Ghabh Íosa an sliabh suas agus shuigh ansiúd in éineacht lena dheisceabail. Bhí féile na nGiúdach, an Cháisc, in achmaireacht. Nuair a d’ardaigh Íosa a shúile, mar sin, agus nuair a chonaic go raibh slua mór ag teacht chuige, dúirt sé le Pilib: ‘Cá gceannóimid arán chun go mbeadh bia acu seo?’

D’fhreagair Pilib é: ‘Níor leor luach dhá chéad déanar d’arán chun go mbeadh greim an duine acu.’

Dúirt duine dá dheisceabail leis – ba é Aindrias é, deartháir Shíomóin Peadar:

‘Tá ógánach anseo a bhfuil cúig builíní eorna aige, agus dhá iasc, ach cá rachadh an méid sin ar oiread daoine?’

Dúirt Íosa: ‘Cuirigí na daoine ina suí’ – bhí mórán féir san áit. Shuigh siad síos mar sin, timpeall cúig mhíle duine. Agus thóg Íosa na builíní, d’altaigh, agus roinn iad ar na daoine agus iad ina suí; agus mar an gcéanna oiread agus a b’áil leo de na héisc. Nuair a bhí siad sách, dúirt sé lena dheisceabail: ‘Bailígí an bruscar fuiligh chun nach rachadh aon ní amú.’ Bhailigh siad ansin lán dhá chiseán déag de bhruscar as na cúig builíní eorna, a d’fhág na daoine a fuair an béile.

Soiscéal an Tiarna

An Eocairist Naofa

An Chéad Léacht ón Sean-Tiomna

Lasmuigh de Shéasúr na Cásca

1

Sliocht as Leabhar Gheineasas 14:18-20

Thug sé arán agus fíon amach.

Agus thug Meilcizidic rí Shealéim arán agus fíon amach; ba shagart le Dia ró-ard é. Chuir sé a bheannacht air á rá:

'Bíodh beannacht ar Abrám ó Dhia ró-ard, cruthaitheoir neimhe agus talún. Moladh le Dia ró-ard mar gur chuir sé do naimhde faoi do smacht.'

Agus thug Abrám deachú den uile ní dó.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra Salm 109:1-4. Fr v.4

Fr. Is sagart tú go brách
de réir ord Mheilcizidic,
d'ofráil Críost an Tiarna arán agus fíon.

Nó

Is sagart tú go brách
de réir ord Mheilcizidic.

1. D'fhoilsigh an Tiarna do mo thiarnasa: 'Bí i do shuí ar mo dheis go gcuirfidh mé do naimhde mar stól faoi do chosa'. **Fr**
2. Síneadh an Tiarna ríshlat do chumhachta as Síón amach. Bí ag rialú i measc do naimhde. **Fr**
3. Is leatsa an ceannas ó lá do bhreithe ar na sléibhte naofa; is leat [an ríogacht ó fhíorthús d'óige]. **Fr**
4. Mhionnaigh an Tiarna, ní bheidh aithreachas air: 'Is sagart tú go brách de réir ord Mheilcizidic.'
Fr

2

Sliocht as Leabhar Eaxodus 12:21-27

Nuair a fheicfidh sé an fhuil ar an bhfardoras agus ar an dá ursain, rachaidh an Tiarna thar bhur ndoras.

Ghairm Maois chuige seanóirí Iosrael go léir agus dúirt leo: 'Seo libh agus tógaigí uain ón tréad daoibh féin de réir bhur líon tí agus maraigí an t-uan Cásca. Gabhaigí craobh hiosóipe in bhur láimh, tumaigí í san fhuil atá san umar agus buailigí an fhuil ón umar ar an bhfardoras agus ar an dá ursain, ná téadh duine agaibh thar dhoras a thí amach go maidin. Óir gabhfaidh an Tiarna thar bráid chun na hÉigiptigh a mharú; agus nuair a fheicfidh sé an fhuil ar an bhfardoras agus ar an dá ursain, rachaidh an Tiarna thar bhur ndoras agus ní ligfidh sé don scriostóir dul isteach in bhur dtithe d'fhonn bhur mbásaithe. Coimeádfaidh sibh an searmanas seo mar reacht daoibh féin agus do bhur gclann go brách. Nuair a shroichfidh sibh an tír atá ag an Tiarna á thabhairt daoibh, mar a gheall sé, ní foláir daoibh an searmanas seo a chomhlíonadh. Agus nuair a chuirfidh bhur gclann an cheist chugaibh: "Cad is ciall leis an searmanas seo agaibh?" déarfaidh sibh: "Is é íobairt Chásca an Tiarna é mar ghabh sé thar thithe chlann Iosrael san Éigipt, nuair a mharaigh sé na hÉigiptigh ach gur chaomhnaigh sé ár dtithe." Agus chrom na daoine a gceann agus rinneadar ómós.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra Salm 33:2-11. Fr v.9

Fr. Blaisigí is féachaigí a fheabhas atá an Tiarna.

Nó

Fr. Alleluia!

Beannóidh mé an Tiarna i dtólamh
beidh a mholadh i mo bhéal i gcónaí.
Bíonn m'anam ag déanamh mórtais as an Tiarna:
éistfidh daoine ísle agus beidh áthas orthu. **Fr**

Móraigí an Tiarna mar aon liom:
tugaimis adhradh dá ainm in éineacht.
Bhí mé ag lorg an Tiarna agus d'éist sé liom
agus d'fhuascail sé ó m'eagla go léir mé. **Fr**

Féachaigí chuige agus loinnir oraibh
's na bíodh luisne na náire in bhur leicne.
Nuair a scairt an t-ainniseoir seo d'éist an Tiarna,
agus shaor sé óna chúngaigh go léir é. **Fr**

Bíonn aingeal an Tiarna i gcampa
thart ar lucht a eaglaíthe, á bhfuascailt.
Blaisigí is féachaigí a fheabhas atá an Tiarna:
is aoibhinn dá dtagann faoina dhídean. **Fr**

A dhaoine naofa an Tiarna, bíodh a eagla oraibh;
ní bhíonn díth ar an dream lenarb eagal é.
Bíonn easpa agus ocras ar leoin óga:
ní bhíonn aon easpa ar lucht iarrtha an Tiarna. **Fr**

3

Sliocht as Leabhar Eaxodus 16:2-4, 12-15

Fearfaidh mé arán anuas ó neamh daoibh.

Chrom comhthionól uile chlann Iosrael ar
mhonabhar in aghaidh Mhaois agus Árón san
fhásach, agus deiridís leo: 'Uch gan sinn a fháil
bháis ó láimh an Tiarna i gcríocha na hÉigipte agus
sinn inár suí ag potaí na feola agus ag ithe aráin go
lán boilg. Óir thug tú amach san fhásach seo sinn
chun an comhthionól go léir a chur chun báis den
ghorta.'

Ansin dúirt an Tiarna le Maois: 'Anois fearfaidh
mé arán anuas ó neamh daoibh. Rachaidh an pobal
amach gach lá chun cuid an lae sin a chnuasach;
d'fhonn iad a phromhadh féachaint an siúlfaidh
siad i mbealaí mo dhlí nó nach ndéanfaidh siad'.

'Chuala,' ar sé, 'gearáin chlann Iosrael. Abair
é seo leo: "Idir dhá sholas tráthnóna beidh feoil le
hithe agaibh, agus ar maidin líonfar sibh le harán
go smig; beidh a fhios agaibh ansin gur mise, an
Tiarna, bhur nDia.'" Agus is amhlaidh a bhí; an
tráthnóna sin tháinig gearga aníos agus líonadar
an campa go léir; agus ar maidin bhí brat drúchta
timpeall an champa. Nuair a scaip an drúcht bhí
an rud mín plúrach, mion mar an sioc liath, ina luí
ar dhromchla an fhásaigh. Nuair a chonaic clann
Iosrael é dúradar lena chéile: 'Cad é seo (man hú)?'
mar nárbh fhios dóibh cad é. 'Sin é,' arsa Maois, 'an
t-arán a thug an Tiarna le hithe daoibh'.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 77:3-4, 7, 23-25, 54. Fr v. 24

Fr. Bhronn an Tiarna bia ó neamh orthu.

1. Na nithe ba chlos dúinn agus ab eol dúinn féin,
a d'inis ár n-aithreacha dúinn,
nach cóir iad a cheilt ar a sliocht
ach a insint don ghlúin atá le teacht.
Agus go n-inseoidís siúd dá gclann féin é
ionas go gcuirfidís a ndóchas i nDia. **Fr**
2. D'aithin sé do néalta neimhe
agus d'oscail sé doirse na spéire.
D'fhear sé anuas orthu manna le hithe
agus bhronn sé bia ó neamh orthu. **Fr**
3. D'ith an duine arán na n-aingeal
óir thug sé flúirse bia dóibh.
Sheol sé isteach ina thír naofa iad
chun an tsléibhe a bhuaigh a dheaslámh féin. **Fr**

4

Sliocht as Leabhar Eaxodus 24:3-8

Seo fuil an chonartha a rinne an Tiarna libh.

Tháinig Maois agus d'aithris sé don phobal
aitheanta uile an Tiarna agus a reachtanna uile.
D'fhreagair an pobal go léir d'aonghuth: 'Na
haitheanta go léir a thug an Tiarna, déanfaimid
iad a chomhlíonadh.' Agus chuir Maois aitheanta
uile an Tiarna i scríbhinn agus d'éirigh sé go moch
lá arna mhárach agus thóg sé altóir faoi bhun an
tsléibhe, le dhá ghallán déag do dhá threibh déag
Iosrael. Agus threoraigh sé ógánaigh de phobal
Iosrael i mbun ofrálacha loiscthe agus síochána de
dhaimh don Tiarna. Agus thóg Maois leath na fola
agus chuir i miasa í, agus dhoirt sé an leath eile ar
an altóir. Ansin thóg sé leabhar an chonartha, agus
léigh é i gcomhchlos an phobail, agus dúirt siad:
'Na haitheanta go léir a thug an Tiarna, déanfaimid
iad a chomhlíonadh, agus beimid umhal.' Ansin
thóg Maois an fhuil agus chroith ar an bpobal í,
agus dúirt: 'Seo fuil an chonartha a rinne an Tiarna
libh de réir na mbriathra seo go léir.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra
Salm 115:12-13, 15-18. Fr 1 Cor 10:16

Fr. Cupa an altaithe a bheannaímid, nach páirtíoch i bhfuil Chríost é?

Nó

Fr. Alleluia!

1. Cén cúiteamh a dhéanfaidh mé leis an Tiarna ina ndearna sé dom?
Glacfaidh mé cupán an tslánaithe,
gairfidh mé ainm an Tiarna. **Fr**
2. Is luachmhar i láthair an Tiarna bás a fhiréan.
Is mise do ghiolla, a Thiarna,
sea, is mac do chailín aimsire;
scaoil tú mo chuibhreacha. **Fr**
3. Ofrálfaidh mé íobairt an bhuíochais duit;
gairfidh mé ainm an Tiarna.
Díolfaidh mé mo mhóideanna leis an Tiarna
i bhfianaise a phobail. **Fr**

5

Sliocht as Leabhar Dheotranaimí 8:2-3, 14-16
*Chothaigh sé thú le manna nárbh eol duit féin
ná d'aithreacha.*

Agus cuimhnigh ar an gcaoi go léir ar threoraigh an Tiarna do Dhia thú le daichead bliain san fhásach, d'fhonn tú a umhlú, tú a phromhadh, agus eolas a chur ar rún do chroí féachaint an gcoimeádfá a aitheanta nó nach ndéanfá. D'umhlaigh sé thú agus d'fhág ocrach thú agus chothaigh thú le manna nárbh eol duit féin ná do d'aithreacha, d'fhonn é a chur in iúl duit nach ar arán amháin a mhaireann an duine, ach go maireann an duine ar gach ní a thagann ó bhéal Dé.

Ná déan dearmad ansin ar an Tiarna do Dhia a thug amach thú as tír na hÉigipte, as teach na daoirse; a threoraigh thú tríd an bhfásach mór uafásach seo, dúiche nathracha tintí agus scairpeanna, agus tarta; a thug uisce as an gcarraig chrua san áit róthirim seo; a chothaigh san fhásach thú le manna nárbh eol do d'aithreacha, d'fhonn go n-úmhloídh sé thú agus tú a phromhadh agus tairbhe a dhéanamh duit i ndeireadh na dála.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra
Salm 144:10-11, 15-18. Fr v.16

Fr. Osclaíonn tú do lámh go fialmhar;
Agus sásaíonn tú a bhfuil beo le do chineáltas.

1. Ceiliúrfaidh d'oibreacha uile thú, a Thiarna;
agus beannóidh do dhaoine dílse thú.
Canfaidh siad glóir-réim do ríochta;
agus foilseoidh siad uile do chumhacht. **Fr**
2. Bíonn súile gach aon dúile ag feitheamh ortsa;
agus tugann tú bia dóibh in am trátha.
Osclaíonn tú do lámh go fialmhar;
agus sásaíonn tú a bhfuil beo le do chineáltas.
Fr
3. Is fíréanta é an Tiarna ina shlite uile;
agus is naofa é ina oibreacha go léir.
Is gairid é an Tiarna dá ngaireann air,
dá ngaireann air go fírinneach ó chroí. **Fr**

6

Sliocht as Céad Leabhar na Ríthe 19:4-8

*Neartaigh an bia chomh mór sin é gur shiúil
sé nó gur shroich sé sliabh Dé.*

Chuaigh Éilias ar aghaidh turas lae isteach san fhásach, agus shuigh faoi thor aitinn agus d'iarr go bhfaigheadh bás. 'A Thiarna,' ar sé, 'tá mo sháith agam. Beir leat m'anam. Ní fearr mé ná mo shinsir.' Ansin luigh sé síos agus thit a chodladh air faoin tor aitinn. Ach, féach, chorraigh aingeal é agus dúirt: 'Éirigh agus ith!' D'amharc sé thart agus siúd ag a cheann toirtín a bruiteadh ar leaca te agus cruiscín uisce. D'ith sé agus d'ól sé agus ansin luigh sé síos arís. Tháinig aingeal an Tiarna ar ais chuige an dara huair, chorraigh é agus dúirt: 'Éirigh agus ith nó beidh an t-aistear ró-fhada duit.' D'éirigh sé mar sin, agus d'ith sé agus d'ól sé, agus neartaigh an bia chomh mór sin é gur shiúil sé daichead lá agus daichead oíche nó gur shroich sé Horaeb, sliabh Dé.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra
Salm 77:3-4, 7, 23-25, 54. Fr v.24

Fr. Bhronn an Tiarna bia ó neamh orthu.

1. Na nithe ba chlos dúinn agus ab eol dúinn féin,
a d'inis ár n-aithreacha dúinn,
nach cóir iad a cheilt ar a sliocht
ach a insint don ghlúin atá le teacht.
Agus go n-inseoidís siúd dá gclann féin é
ionas go gcuirfidís a ndóchas i nDia. **Fr**

2. D'aithin sé do néalta neimhe agus d'oscail sé doirse na spéire. D'fhear sé anuas orthu manna le hithe agus bhronn sé bia ó neamh orthu. **Fr**
3. D'ith an duine arán na n-aingeal óir thug sé flúirse bia dóibh. Sheol sé isteach ina thír naofa iad chun an tsléibhe a bhuaigh a dheaslámh féin. **Fr**

7

Sliocht as Leabhar na Seanfhocal 9:1-6

Téanaigí, ithigí mo chuid aráin, agus ólaigí an fíon atá ullamh agam.

Tá a teach tógtha ag an Eagna,
agus a seacht gcolún curtha ina seasamh aici.
Tá sí tar éis a mairt a mharú
a cuid fíona a ullmhú,
agus a bord a chóiriú.
Tá a cuid ban seirbhíseach curtha amach aici,
le glaoch amach ó arda na cathrach:
'Cibé ar bith duine atá saonta, casadh sé isteach anseo!'
agus le lucht na díchéille deir sí:
'Téanaigí, ithigí mo chuid aráin,
agus ólaigí an fíon atá ullamh agam.
Tréigigí bhur mbaois agus mairfidh sibh;
siúlaigí ar bhealach na tuisceana.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 147:12-15, 19-20. Fr Eoin 6:58

Fr. An té a itheann an t-arán seo, mairfidh sé go deo.

Nó

Fr. Alleluia!

1. Tabhair moladh don Tiarna, a Iarúsailéim;
tabhair moladh do do Dhia, a Shíón.
Óir dhaingnigh sé sparraí do dhoirse;
agus bheannaigh sé do chlann atá istigh ionat. **Fr**
2. Rinne sé síocháin i do chríocha;
agus tugann do sháith de phlúr na cruithneachta duit.
Cuireann sé a aithne ag triall ar an talamh;
agus gluaiseann a bhriathar go lántapaidh. **Fr**
3. D'fhoilsigh sé a bhriathar do Iacób;
a reachtanna agus a fhoraitheanta d'Iosrael.
Ní dhearna sé amhlaidh d'aon chine eile;
níor nocht sé a reachtanna dóibh. **Fr**

An Chéad Léacht ón Tiomna Nua

Le linn Séasúr na Cásca

1

Sliocht as Gníomhartha na nAspal 2:42-47

Agus chloígh siad go daingean le comaoín ar a chéile agus le briseadh an aráin.

Agus chloígh siad go daingean le teagasc na n-aspal, le comaoín ar a chéile, le briseadh an aráin agus leis na hurnaithe.

Is iomaí míorúilt agus éacht a bhí á dhéanamh ag na haspail, rud a chuir uamhan ar chách. Bhí na creidmhigh go léir in aon bhuíon le chéile agus bhí gach ní i bpáirt acu; dhíolaidís a gcuid sealúchais agus a gcuid maoin agus roinnidís a luach ar chách de réir mar a bhíodh aon duine acu ar an gcaolchuid.

Thagaidís le chéile in aon bhuíon sa Teampall gach lá ach bhrisidís arán i dtithe a chéile agus chaithidís a gcuid le chéile le mórathas agus le sástacht chroí agus iad ag moladh Dé. Agus bhí gnaoi an phobail orthu. Agus ó lá go lá bhí an Tiarna ag cur le líon na ndaoine a bhí ar bhealach a slánaithe.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra Salm 22. Fr v.1

Fr. Is é an Tiarna m'Aoire: ní bheidh aon ní de dhíth orm.

Nó

Fr. Alleluia!

1. Is é an Tiarna m'Aoire:
ní bheidh aon ní de dhíth orm.
Cuireann sé féin i mo luí mé
i móinéar féir ghlais.
Seolann sé ar imeall an uisce mé
mar a bhfaighim suaimhneas. **Fr**
2. Seolann sé ar shlí na fíréantachta mé
mar gheall ar a ainm.
Fiú dá siúlfaínn i ngleann an dorchadais,
níor bhaol liom an t-olc
agus tú faram le do shlat is do bhachall
chun sólas a thabhairt dom. **Fr**
3. Cóiríonn tú bord chun béile dom
i láthair mo naimhde.
Ungann tú mo cheann le hola;
tá mo chupa ag cur thairis. **Fr**

4. Leanfaidh cineáltas is buanhrá mé
gach lá de mo shaol;
i dteach an Tiarna a mhairfidh mé
go brách na breithe. **Fr**

2

Sliocht as Gníomhartha na nAspal 10:34, 37-43.

Chaitheamar bia agus deoch ina theannta tar éis a aiséirithe ó mhairbh.

Ansin thosaigh Peadar ag labhairt: Tá a fhios agaibh an rud a thit amach ar fud Iúdáia, tar éis dó tosú sa Ghailíl i ndiaidh an bhaiste a d'fhógair Eoin, an scéal faoi Íosa ó Nazarat: mar a choisric Dia é leis an Spiorad Naomh agus le cumhacht; mar a chuaigh sé timpeall na tíre ag déanamh na maitheasa agus ag leigheas gach duine a bhí faoi smacht an diabhair, mar go raibh Dia fairis. Agus is finnétithe sinn ar gach ní dá ndearna sé i dtír na nGiúdach agus in Iarúsailéim. Chuir siad chun báis é á chrochadh ar chrann, ach thóg Dia ón mbás an treas lá é agus thug le feiceáil é, ní don phobal ar fad é, ach do na finnétithe a bhí réamhcheaptha ag Dia, is é sin le rá, dúinne. Chaitheamar bia agus deoch ina theannta tar éis a aiséirithe ó mhairbh agus d'ordaigh sé dúinn a fhógairt don phobal agus a dhearbhu gurb é atá ceaptha ag Dia ina bhreitheamh ar bheo agus ar mhairbh. Agus is air a thugann na fáithe uile an fhianaise seo go bhfuil maithiúnas peacaí le fáil ina ainm ag an uile dhuine a chreideann ann!

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra Salm 39:2, 4, 7-10. Fr v.8,9

Fr. Seo ag teacht mé, go ndéanfainn do thoilse.

1. D'fhan mé go foighneach leis an Tiarna
agus chrom sé chugam gur éist sé le mo ghuí.
Chuir sé amhrán nua i mo bhéal:
duan dár nDia. **Fr**
2. Íobairt ná ofráil níor thoil leat,
ach d'oscail tú mo chluasa.
Uileloscadh ná íobairt pheaca níor theastaigh uait;
ach féach, dúirt mé: 'Seo ag teacht mé!' **Fr**
3. I rolla an leabhair tá sé scríofa fúm
go ndéanfainn do thoilse.
A Dhia, is áil liom do dhlí
i ndiamhair mo chroí. **Fr**

4. Rinne mé d'fhíréantacht a fhógairt sa chomhdháil mhór.
Cosc níor chuir mé le mo bhéal mar is eol duit, a Thiarna. **Fr**

3

Sliocht as Apacailipsis Eoin 1:5-8.

Tá grá aige dúinn agus scaoil sé sinn ónár gcionta trína fhuil féin.

[Is é] Íosa Críost an finné dílis, an chéadghin ó mhairbh, rialtóir rithe an domhain. Don té a bheir grá dúinn, agus a scaoil sinn ónár gcionta trína fhuil féin, agus a rinne ríocht agus sagairt dá Dhia agus dá athair dinn, don té sin go raibh glóir agus cumhacht ar feadh na síoraíochta. Amen. Féach, tá sé ag teacht ar néalta neimhe, agus feicfidh gach duine lena súile cinn é, fiú iad siúd a tholl é, agus beidh ciníocha uile an domhain ag déanamh mairgní dá bharr. Abair é! Amen. 'Mise an tAlfa agus an tÓimige,' a deir an Tiarna Dia, an té atá, a bhí agus atá le teacht, an tUilechumhachtach.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 115:12-13, 15-18. Fr 1Cor 10:16

Fr. Cupa an altaithe a bheannaímid, nach páirtíocht i bhfuil Chríost é?

Nó

Fr. Alleluia!

1. Cén cúiteamh a dhéanfaidh mé leis an Tiarna ina ndearna sé dom?
Glacfaidh mé cupán an tslánaithe, gairfidh mé ainm an Tiarna. **Fr**
2. Is luachmhar i láthair an Tiarna bás a fhíréan.
Is mise do ghiolla, a Thiarna, sea, is mac do chailín aimsire; scaoil tú mo chuibhreacha. **Fr**
3. Ofrálfaidh mé íobairt an bhuíochais duit; gairfidh mé ainm an Tiarna.
Díolfaidh mé mo mhóideanna leis an Tiarna i bhfianaise a phobail. **Fr**

4

Sliocht as Apacailipsis Eoin 7:9-14

Nigh siad agus gheal siad a n-éidí i bhfuil an Uain.

Ina dhiaidh sin b'shiúd an mathshlua mór nárbh fhéidir d'aon duine a chomhaireamh as gach cine agus treibh agus pobal agus teanga; bhí siad ina seasamh os comhair na ríchathaoireach agus os comhair an Uain, iad gléasta in éidí geala agus craobhacha pailme acu ina lámha. Agus bhí siad ag glaach de ghlór ard: 'Slánú dár nDia a shuíonn sa ríchathaoir agus don Uan!' Bhí na haingil go léir ina seasamh mórthimpeall na ríchathaoireach agus na seanóirí agus na gceithre dhúil, agus chaith siad iad féin ar a n-aghaidh os comhair na ríchathaoireach ag adhradh Dé á rá: 'Amen. Beannacht agus glóir agus eagna agus buíochas agus onóir agus cumhacht agus neart dár nDia go deo deo. Amen.'

Ansin labhair duine de na seanóirí agus dúirt sé liom: 'Iad seo atá gléasta in éidí geala, cé hiad féin agus cad as ar tháinig siad?' Dúirt mé mar fhreagra air: 'A Thiarna liom, tá fhios agat.' Agus dúirt sé liom: 'Is iadsan an dream atá gafa tríd an duainéis mhór; nigh siad agus gheal siad a n-éidí i bhfuil an Uain.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 144:10-11, 15-18. Fr v.16

Fr. Osclaíonn tú do lámh go fialmhar; Agus sásaíonn tú a bhfuil beo le do chineáltas.

1. Ceiliúrfaidh d'oibreacha uile thú, a Thiarna; agus beannóidh do dhaoine dílse thú.
Canfaidh siad glóir-réim do ríochta; agus foilseoidh siad uile do chumhacht. **Fr**
2. Bíonn súile gach aon dúile ag feitheamh ortsa; agus tugann tú bia dóibh in am trátha.
Osclaíonn tú do lámh go fialmhar; agus sásaíonn tú a bhfuil beo le do chineáltas. **Fr**
3. Is fíréanta é an Tiarna ina shlite uile; agus is naofa é ina oibreacha go léir.
Is gairid é an Tiarna dá ngaireann air, dá ngaireann air go fírinneach ó chroí. **Fr**

An Dara Léacht ón Tiomna Nua

1

Sliocht as Céad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh 10:16-17

Ós aon arán amháin é, níl ionainne dá líonmhaire sinn ach aon chorp amháin.

Cupa an altaithe a bheannaímid, nach páirtíocht i bhfuil Chríost é? Agus an t-arán a bhrisimid nach páirtíocht i gcorp Chríost é? Ós aon arán amháin é, níl ionainne dá líonmhaire sinn ach aon chorp amháin toisc go gcaithimid go léir an t-aon arán amháin.

Briathar an Tiarna.

2

Sliocht as Céad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh 11:23-26

A mhinice, más ea, a itheann sibh an t-arán seo agus a ólann sibh an cupa, bíonn sibh ag fógairt bhás an Tiarna.

Is é fios a fuair mé féin ón Tiarna agus a thug mé daoibhse: mar atá, an oíche a bhí an Tiarna Íosa le tabhairt ar láimh, thóg sé arán agus, ar altú dó, bhris agus dúirt: 'Is é seo mo chorp atá le tabhairt suas ar bhur son; déanaigí é seo mar chuimhne orm.' Mar an gcéanna tar éis na proinne thóg sé an cupa ag rá: 'Is é an cupa seo an nuachonradh i mo chuid fola. Déanaigí é seo mar chuimhne orm a mhinice a ólfaidh sibh é.' A mhinice, más ea, a itheann sibh an t-arán seo agus a ólann sibh an cupa, bíonn sibh ag fógairt bhás an Tiarna nó go dtiocfaidh sé.

Briathar an Tiarna.

3

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na hEabhraigh 9:11-15

Glanfaidh sé bhur gcoinsias ó pheacaí marfacha ionas go mbeidh sé ar bhur gcumas seirbhís a dhéanamh do Dhia beo.

Ach tháinig Críost agus é ina ardsagart a bhféadfaí na maitheasaí uile a bhí [tagtha] a fháil tríd. Ghabh sé trí bhoth a bhí níos mó agus níos foirfe ná an seancheann; mar ní raibh sí lámhdhéanta, is é sin le rá, níor den saol seo í. Chuaigh sé isteach san Áit Rónaofa aon uair amháin ar fad agus ní le cabhair fuil ghabhar agus laonna é ach lena chuid fola dilis féin agus fuair sé slánú síoraí dúinn. Nuair a chroitear fuil ghabhar agus tharbh agus luaithreach bodóige dóite ar dhaoine

atá neamhghlan mar gheall ar dheasghnátha an liotúirge, baintear an neamhghlaine dheasghnáthach seo díobh agus naomhaítear iad. Más ea, nach bhfuil fuil Chríost níos cumhachtaí go mór ná é sin? Óir de bharr a spioraid bhuanmharthanaigh d'ofráil Íosa é féin chun Dé ina íobairt gan smál. Glanfaidh sé bhur gcoinsias ó pheacaí marfacha ionas go mbeidh sé ar bhur gcumas seirbhís a dhéanamh do Dhia beo.

Agus is é an fáth a bhfuil sé ina idirghabhálaí ar chonradh nua ná ionas go bhfaigheadh na daoine a bhfuil glaoite orthu an oidhreacht shíoraí atá geallta ag Dia dóibh. Is féidir é seo a tharlú anois ós rud é go bhfuair Críost bás in éiric na gcionta a rinneadh le linn an chéad chonartha.

Briathar an Tiarna.

4

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na hEabhraigh 12:18-19, 22-24

Tá sibh tagtha chuig doirteadh fola a labhraíonn níos fearr ná fuil Áibil.

Ní amhlaidh atá sibh tar éis teacht go dtí rudaí somhothaithe, mar atá, scamall dúdhorcha agus duifean agus speirling, bloc stoic agus glór gutha a thug ar an lucht éisteachta a impí nach labhrófaí focal eile leo. Ina ionad sin, tá sibh tagtha go dtí Sliabh Shíón agus cathair Dé bheo, go dtí an Iarúsailéim neamhaí mar a bhfuil na mílte aingeal bailithe le chéile go háthasach, agus comhthionól na gcéadghinte a bhfuil a n-ainmneacha scríofa sna flaithis, mar a bhfuil Dia féin atá ina bhreitheamh ar chách, agus spioraid na bhfiréan a tugadh chun foirfeachta, agus Íosa, idirghabhálaí an chonartha nua, agus doirteadh fola a labhraíonn níos fearr ná fuil Áibil.

Briathar an Tiarna.

5

Sliocht as Céad Litir Naomh Peadar 1:17-21

Fuasclaíodh sibh le fuil luachmhar Chríost.

Má thugann sibh Athair ar an té sin a thugann breith gan leathchuma ar gach duine de réir a bhirt, ní foláir daoibh sibh féin a iompar go heaglach le linn bhur ndeoraíochta. Óir is feasach sibh nach le nithe sothruaillithe mar ór nó airgead a fuasclaíodh sibh ó bhur n-iompar baoth a fuair sibh mar oidhreacht ó bhur n-aithreacha, ach le fuil luachmhar Chríost, amhail fuil uain gan mháchail gan cháim. Bhí aithne air cheana féin roimh chruthú an domhain, ach foilsíodh é i

ndeireadh ré ar bhur sonsa a chreideann trídsean i nDia, a thóg ó mhairbh é, agus a thug glóir dó, le go mbeadh creideamh agus dóchas agaibhse i nDia.

Briathar an Tiarna.

6

Sliocht as Céad Litir Naomh Eoin 5:4-8

Tá triúr ann a thugann fianaise: an Spiorad agus an t-uisce agus an fhuil.

Óir gach a ghintear ó Dhia sáraíonn sé an saol agus is í an chaithréim a sháraíonn an saol, ár gcreideamh.

Cé sháraíonn an saol murab é an té a chreideann gurb é Íosa Mac Dé? Sé Íosa Críost an té a tháinig le huisce agus le fuil agus leis an Spiorad. Ní leis an uisce amháin ach leis an uisce agus leis an bhfuil; agus tá an Spiorad ag tabhairt fianaise, mar gurb í an fhírinne an Spiorad. Tá triúr ann a thugann fianaise (ar neamh, an tAthair, an Briathar, agus an Spiorad Naomh; agus is aon an Triúr. Agus tá triúr a thugann fianaise ar talamh:) an Spiorad agus an t-uisce agus an fhuil, agus tá an triúr ar aon fhocal.

Briathar an Tiarna.

SOISCÉAL

1

Comhgháir an tSoiscéil Eoin 6:56

Alleluia, alleluia!
An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil
cónaíonn sé ionamsa agus canaimse ann, a deir
an Tiarna.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas 14:12-16, 22-26

Is é seo mo chorp. Is í seo m'fhuilse.

Ar an gcéad lá d'fhéile an tSliamaráin, nuair ba ghnách leo an cháisc a íobairt, dúirt a dheisceabail leis: 'Cárbh áil leat go rachaimis agus ullmhú duit chun an cháisc a ithe?' Chuir sé uaidh beirt dá dheisceabail agus dúirt sé leo: 'Téigí isteach sa chathair, agus buailfidh fear libh agus próca uisce aige á bhreith leis.' Leanaigí é agus cibé áit a dtéann sé isteach, abraigí le fear an tí 'Deir an máistir: Cá bhfuil mo sheomra aíochta go n-ithinn an cháisc in éineacht le mo dheisceabail?' Agus taispeánfaidh sé daoibh seomra mór in airde staighre, é feistithe ullamh. Déanaigí an réiteach ansiúd dúinn.' D'imigh na deisceabail leo agus tháinig siad isteach sa chathair, agus fuair siad mar a dúirt sé leo, agus d'ullmhaigh siad an cháisc.

Le linn dóibh a bheith ag ithe, thóg Íosa arán, agus ar a bheannú dó, bhris agus thug dóibh é agus dúirt: 'Tógai; is é seo mo chorp.' Agus thóg sé an cupa, agus ar altú dó, thug dóibh é, agus d'ól siad go léir as. Agus dúirt sé leo: 'Is í seo m'fhuilse an tiomna, atá le doirteadh ar son a lán. Deirim libh go fírinneach, nach n-ólfaidh mé den sú seo na fíniúna a thuilleadh go dtí an lá sin nuair a ólfaidh mé ina fhíon nua é i ríocht Dé.'

Tar éis dóibh an t-iomann a chanadh, chuaigh siad amach go Cnoc na nOlóg.

Soiscéal an Tiarna.

2

Comhgháir an tSoiscéil Apac 1:5

Alleluia, alleluia!
Íosa Críost, an finné dílis,
an chéadghin ó mhairbh,
tá grá aige dúinn
agus scaoil sé sinn ónár gcionta trína fhuil féin.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas 15:16-20

Chuir siad brat corcra uime, agus rinne siad coróin dheilgneach a fhí agus a chur air.

Rug na saighdiúirí leo é isteach sa taobh istigh den chúirt, is é sin an préatóiriam, agus ghlaigh siad an cathlán go léir le chéile. Chuir siad brat corcra uime, agus rinne siad coróin dheilgneach a fhí agus a chur air. Agus thosaigh siad ar bheannú dó: 'Sé do bheatha, a Rí na nGiúdach!' Agus bhí siad á bhualadh sa cheann le giolcach agus ag caitheamh seilí air, agus ag teacht ar a nglúine ag déanamh ómóis dó. Agus tar éis dóibh fonóid a dhéanamh faoi, bhain siad de an brat corcra, agus chuir siad a chuid éadaigh féin air. Agus sheol siad amach é chun é a chéasadh.

Soiscéal an Tiarna.

3

Comhgháir an tSoiscéil Eoin 6:51

Alleluia, alleluia!
Is mise an t-arán beo
a tháinig anuas ó neamh,
arsa an Tiarna.
Má itheann duine an t-arán seo
mairfidh sé go deo.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás 9:11-17

D'ith siad uile agus bhí siad sách.

Chuir sé fáilte [roimh na sluaite] agus bhí ag caint leo faoi ríocht Dé, agus ag leigheas na ndaoine a bhí i ngá a leigheasta.

Bhí an lá ag druidim siar, áfach, agus tháinig an dáréag chuige agus dúirt leis: 'Scaoil uait an slua, go dtéidís isteach sna bailte agus sna feirmeacha mórtimpeall agus lóistín agus lón bia a fháil, óir is áit uaigneach é seo ina bhfuilimid.' Ach dúirt sé

leo: 'Tugaigí sibhse rud le hithe dóibh.' Dúirt siad: 'Níl againn ach cúig builíní agus dhá iasc, ach mura dtéimid féin ag ceannach bia don chomhthionól seo uile' – óir bhí timpeall cúig mhíle fear ann. Dúirt sé lena dheisceabail: 'Cuirigí ina luí fúthu ina mbuíonta iad, timpeall caoga sa bhuíon.' Rinne siad amhlaidh: iad uile a chur ina luí fúthu. Thóg sé na cúig builíní agus an dá iasc, agus, ar dhearcadh suas chun na bhflaitheas dó, bheannaigh iad agus bhris agus thug do na deisceabail iad le cur os comhair an tslua. D'ith siad uile agus bhí siad sách, agus tógadh suas an fuilleach: dhá chiseán déag de bhruscar.

Soiscéal an Tiarna.

4

Comhgháir an tSoiscéil Apac 1:5

Alleluia, alleluia!
Íosa Críost, an finné dílis,
an chéadghin ó mhairbh,
tá grá aige dúinn
agus scaoil sé sinn ónár gcionta trína fhuil féin.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás 22:39-44

*Bhí a chuid allais mar a bheadh braonta
ramhra fola ag sileadh go talamh.*

Ar dhul amach dó, chuaigh sé, mar ba ghnáthbhéas dó, go Cnoc na nOlóg. Na deisceabail freisin lean siad é. Agus ar shroicheadh na háite dó, dúirt sé leo: 'Bigí ag guí gan sibh a dhul i gcathú.' Agus chuaigh sé i leataoibh uathu mar a bheadh fad urchar cloiche, agus ag teacht ar a ghlúine dó, thosaigh sé ag guí: 'A Athair,' deireadh sé, 'más toil leat é, tóg uaim an cupa seo; ach nárab í mo thoilse a dhéanfar ach do thoilse.' Agus chonacthas aingeal ó neamh dó á neartú. Ó bhí sé in anbhroid, ba dhéinide é ag guí; agus bhí a chuid allais mar a bheadh braonta ramhra fola ag sileadh go talamh.

Soiscéal an Tiarna.

5

Comhgháir an tSoiscéil Eoin 6:56

Alleluia, alleluia!
An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil
cónaíonn sé ionamsa agus canaimse ann, a deir
an Tiarna.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcás 24:13-35

D'aithin siad é i mbriseadh an aráin.

Agus an lá sin féin, bhí beirt acu ag dul go dtí baile darbh ainm Eamáus a bhí céad staid seascaid ó Iarúsailéim, agus bhí siad ag comhrá le chéile faoi na nithe seo uile a bhí tar éis titim amach. Agus sa chomhrá dóibh agus sa chur trí chéile, dhruid Íosa féin leo agus shíuil lena gcois; ach bhí a súile coinnithe chun nach n-aithneoidís é. Dúirt sé leo: 'Cad iad na scéala iad seo atá sibh a reic le chéile sa tslí?' Agus stad siad suas agus iad go gruama.

Dúirt duine acu leis á fhreagairt – Cleopas ab ainm dó: 'An tusa an t-aon duine amháin atá ag cur fút in Iarúsailéim atá in ainbhios ar na nithe a tharla ann sna laethanta seo?' Dúirt sé leo: 'Cad iad na nithe?' Dúirt siad leis: 'Mar gheall ar Íosa –Nazairéanach, duine a bhí ina fháidh éifeachtach ó ghníomh agus ó bhriathar i bhfianaise Dé agus an phobail uile; mar a thug ár n-ardsagairt agus ár gcinn urra ar láimh é lena dhaoradh chun báis, agus mar a chéas siad é. Agus sinne ag súil leis gurbh eisean a bhí chun Iosrael a fhuascailt! Ach chomh maith leis an méid sin uile, tá an treas lá inniu ann ó thit na nithe sin amach. Agus go deimhin, tá mná dár muintir tar éis alltacht a chur orainn. Ar dhul go dtí an tuama dóibh go moch ar maidin, nuair nach raibh a chorp le fáil acu ann, tháinig siad agus scéala acu, fiú amháin, gur thaispeáin aingil iad féin dóibh a dúirt go bhfuil sé beo. Chuaigh cuid dár gcompánaigh go dtí an tuama ansin, agus fuair gurbh amhlaidh a bhí mar a dúirt na mná, ach ní fhaca siad é féin.'

Ansin dúirt sé féin leo: 'A dhaoine gan tuiscint atá dúr ó chroí chun a bhfuil ráite ag na fáithe a chreidiúint! Nárbh fholáir go bhfulaingeach an Críost na nithe úd chun go dtiocfadh sé isteach ina ghlóir?' Agus ag tosú dó ó Mhaois agus ó na fáithe uile, mhínigh sé dóibh na nithe a bhí sna scríoptúir uile mar gheall air féin. Nuair a bhí siad i ngar don bhaile ar a raibh a dtriall, bhí de chuma air féin go raibh sé ag dul níos faide, agus rinne siad tathant air á rá: 'Fan againn, óir tá sé i mbéal tráthnóna agus an lá siar síos cheana féin.' Chuaigh sé isteach dá réir sin chun fanacht acu. Agus ansin, nuair a bhí sé ag bord in éineacht leo, thóg sé an t-arán agus bheannaigh, bhris sé ansin agus thug dóibh é.

Osclaíodh a súile agus d'aithin siad é; ach chuaigh sé ar neamhní uathu. Agus dúirt siad le chéile: 'Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn le linn dó bheith ag labhairt linn feadh na slí, agus é ag nochtadh na scríoptúr dúinn?'

Chuir siad chun bóthair an uair sin féin agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim. Fuair siad an t-aon duine déag agus a gcompánaigh bailithe le chéile agus é de scéal acu: 'Tá an Tiarna éirithe go deimhin agus chonacthas do Shíomón é.' Agus rinne siad féin ar tharla sa tslí a aithris, agus mar a d'aithin siad é i mbriseadh an aráin.

Soiscéal an Tiarna.

Leagan giorraithe

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas 24:13-16, 28, 35

D'aithin siad é i mbriseadh an aráin.

Agus an lá sin féin, bhí beirt acu ag dul go dtí baile darbh ainm Eamáus a bhí céad staid seascad ó Iarúsailéim, agus bhí siad ag comhrá le chéile faoi na nithe seo uile a bhí tar éis titim amach. Agus sa chomhrá dóibh agus sa chur trí chéile, dhruid Íosa féin leo agus shíúil lena gcois; ach bhí a súile coinnithe chun nach n-aithneoidís é.

Nuair a bhí siad i ngar don bhaile ar a raibh a dtriall, bhí de chuma air féin go raibh sé ag dul níos faide, agus rinne siad tathant air á rá: 'Fan againn, óir tá sé i mbéal tráthnóna agus an lá siar síos cheana féin.' Chuaigh sé isteach dá réir sin chun fanacht acu. Agus ansin, nuair a bhí sé ag bord in éineacht leo, thóg sé an t-arán agus bheannaigh, bhris sé ansin agus thug dóibh é. Osclaíodh a súile agus d'aithin siad é; ach chuaigh sé ar neamhní uathu. Agus dúirt siad le chéile: 'Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn le linn dó bheith ag labhairt linn feadh na slí, agus é ag nochtadh na scríoptúr dúinn?'

Chuir siad chun bóthair an uair sin féin agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim. Fuair siad an t-aon duine déag agus a gcompánaigh bailithe le chéile agus é de scéal acu: 'Tá an Tiarna éirithe go deimhin agus chonacthas do Shíomón é.' Agus rinne siad féin ar tharla sa tslí a aithris, agus mar a d'aithin siad é i mbriseadh an aráin.

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil Eoin 6:57

Alleluia, alleluia!

Amhail mar a chuir an tAthair beo mise uaidh, agus mar is beo mise tríd an Athair mar an gcéanna, an té a itheann mise, mairfidh sé tríom.

Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin 6:1-15

Roinn Íosa iad ar na daoine agus iad ina suí.

Ina dhiaidh sin d'imigh Íosa anonn thar farraige na Gailíle, is é sin, farraige Thibirias. Lean slua mór é mar chonaic siad na comharthaí a bhí sé a dhéanamh ar lucht tinnis. Ghabh Íosa an sliabh suas agus shuigh ansiúd in éineacht lena dheisceabail. Bhí féile na nGiúdach, an Cháisc, in achmaireacht.

Nuair a d'ardaigh Íosa a shúile, mar sin, agus nuair a chonaic go raibh slua mór ag teacht chuige, dúirt sé le Pilib: 'Cá gceannóimid arán chun go mbeadh bia acu seo?' Ag baint trialach as a dúirt sé é sin, mar bhí a fhios aige féin cad a bhí sé chun a dhéanamh. D'fhreagair Pilib é: 'Níor leor luach dhá chéad déanar d'arán chun go mbeadh greim an duine acu.' Dúirt duine dá dheisceabail leis – ba é Aindrias é, deartháir Shíomóin Peadar: 'Tá ógánach anseo a bhfuil cúig builíní eorna aige, agus dhá iasc, ach cá rachadh an méid sin ar oiread daoine?' Dúirt Íosa: 'Cuirigí na daoine ina suí' – bhí mórán féir san áit. Shuigh siad síos mar sin, timpeall cúig mhíle duine. Agus thóg Íosa na builíní, d'altaigh, agus roinn iad ar na daoine agus iad ina suí; agus mar an gcéanna oiread agus a b'áil leo de na héisc. Nuair a bhí siad sách, dúirt sé lena dheisceabail: 'Bailígí an bruscar fuiligh chun nach rachadh aon ní amú.' Bhailigh siad ansin lán dhá chiseán déag de bhruscar as na cúig builíní eorna, a d'fhág na daoine a fuair an béile. Nuair a chonaic na daoine, mar sin, cad é mar chomhartha a bhí déanta ag Íosa, dúirt siad: 'Is é seo go dearfa an fáidh atá le teacht ar an saol.' Agus ó bhí a fhios ag Íosa go raibh ar aigne acu teacht á fhuadach chun rí a dhéanamh de, chuaigh sé i leataobh arís faoin sliabh ina aonar.

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
Eoin 6:51

Alleluia, alleluia!
Is mise an t-arán beo
a tháinig anuas ó neamh,
arsa an Tiarna.
Má itheann duine an t-arán seo
mairfidh sé go deo.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Eoin 6:24-35

*An té a thagann chugamsa ní bheidh ocras air
choíche, agus an té a chreideann ionamsa ní
bheidh tart air choíche.*

Nuair a chonaic an slua mar sin nach raibh Íosa ná a dheisceabail san áit, chuaigh siad ar bord na long agus tháinig siad go Cafarnáum ar lorg Íosa. Nuair a fuair siad é taobh thall den fharraige dúirt siad leis: 'A raibí, cén uair a tháinig tú anseo?' D'fhreagair Íosa:

'Amen, Amen, a deirim libh,
tá sibh ar mo lorg,
agus ní de bhrí go bhfaca sibh comharthaí
ach de bhrí gur ith sibh na builíní
agus go bhfuair sibh bhur sáith.
Ná saothraigí an bia a théann amú,
ach saothraigí an bia a mhaireann chun na
beatha síoraí,
é siúd a thabharfaidh Mac an Duine daoibh.
Óir is air sin a chuir Dia an tAthair a shéala.'

Dúirt siad leis ansin: 'Cad tá le déanamh againn ionas go ndéanfaimis oibreacha Dé?' D'fhreagair Íosa: 'Is í seo obair Dé,' ar sé leo, 'go gcreidfeadh sibh sa té a chuir sé uaidh.' Dúirt siad leis: 'Cén comhartha mar sin atá tú a dhéanamh ionas go bhfeicfimis é agus go gcreidfimis ionat? Cad atá tú a dhéanamh? D'ith ár n-aithreacha manna san fhásach faoi mar atá scríofa: "Thug sé arán ó neamh dóibh le hithe."' "

Dúirt Íosa leo ansin:

'Amen, Amen, a deirim libh,
ní hé Maois a thug an t-arán ó neamh daoibh,
ach is é m'Athair a thugann an t-arán ó neamh
daoibh,
an t-arán fírinneach.
Óir is é arán Dé an té a thagann anuas ó neamh
agus a thugann beatha don domhan.'

'A dhuine uasail,' ar siad ansin leis, 'tabhair dúinn an t-arán sin i gconáí.' Dúirt Íosa leo:

'Mise arán na beatha, an té a thagann chugamsa ní bheidh ocras air choíche, agus an té a chreideann ionamsa ní bheidh tart air choíche.'

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
Eoin 6:51

Alleluia, alleluia!
Is mise an t-arán beo
a tháinig anuas ó neamh,
arsa an Tiarna.
Má itheann duine an t-arán seo
mairfidh sé go deo.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Eoin 6:41-51

Is mise an t-arán a tháinig anuas ó neamh.

Thosaigh na Giúdaigh ansin ag cnáimhseáil mar gheall air go ndúirt sé: 'Is mise an t-arán a tháinig anuas ó neamh.' 'Nach é seo,' a deiridís, 'Íosa mac Iósaeaf a bhfuil aithne againn ar a athair agus ar a mháthair? Cén chaoi is féidir leis a rá: 'Tháinig mé anuas ó neamh?'

D'fhreagair Íosa: 'Ná bigí ag cnáimhseáil eadraibh féin,' ar sé.

'Ní féidir d'aon duine teacht chugam,
gan an tAthair a chuir uaidh mé á tharraingt,
agus tógfaidh mise suas é an lá deireanach.
Tá sé scríofa sna fáithe:
'Beidh siad go léir á dteagasc ag Dia.'
An té a chluineann teagasc an Athar,
agus a fhoghlaimíonn,
tagann sé chugamsa.
Ní hé go bhfaca aon duine an tAthair;
ach an té atá tagtha ón Athair,
chonaic seisean an tAthair.
Amen, Amen, a deirim libh,
an té a chreideann, tá an bheatha síoraí aige.
Mise arán na beatha.

D'ith bhur n-aithreacha manna san fhásach
agus fuair siad bás.
Is é seo an t-arán a thagann anuas ó neamh,
i dtreo má itheann duine é nach bhfaighidh sé bás.

Is mise an t-arán beo
a tháinig anuas ó neamh.
Má itheann duine an t-arán seo
mairfidh sé go deo, agus an t-arán a
thabharfaidh mé uaim
is é m'fheoil é [a thabharfar] ar son bheatha an
domhain.

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
Eoin 6:56

Alleluia, alleluia!
An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil
cónaíonn sé ionamsa agus canaimse ann, a deir
an Tiarna.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Eoin 6:51-58

*Is bia go fíor mo chuid fola, agus is deoch go
fíor mo chuid fola.*

[Dúirt Íosa leis an slua]

Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh.
Má itheann duine an t-arán seo mairfidh sé go deo,
agus an t-arán a thabharfaidh mé uaim
is é m'fheoil é [a thabharfar] ar son bheatha an
domhain.

Bhí na Giúdaigh ansin ag aighneas le chéile á rá:
'Conas is féidir don duine seo a fheoil a thabhairt
dúinn le hithe?' Dúirt Íosa leo:

'Amen, Amen, a deirim libh,
mura n-íosfaidh sibh feoil Mhac an Duine,
agus a chuid fola a ól,
ní bheidh beatha agaibh ionaibh.
An té a itheann m'fheoil
agus a ólann m'fhuil,
tá an bheatha shíoraí aige,
agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach.
Is bia go fíor mo chuid feola
agus is deoch go fíor mo chuid fola.
An té a itheann m'fheoil agus a ólann m'fhuil
cónaíonn sé ionamsa agus cónaimse ann.
Amhail mar a chuir an tAthair beo mise uaidh,
agus mar is beo mise tríd an Athair,
mar an gcéanna, an té a itheann mise,
mairfidh sé tríom.
Is é seo an t-arán a tháinig anuas ó neamh.
Ní ionann is an manna ar ith bhur n-aithreacha é
agus go bhfuil siad marbh;
an té a itheann an t-arán seo,
mairfidh sé go deo.'

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
Apac 5:9

Alleluia, alleluia!
Is fiú thú an scrolla a ghlacadh,
agus a shéalaí a bhriseadh,
óir básaíodh thú agus d'fhuscail tú
daoine do Dhia le d'fhuil.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Eoin 19:31-37

*Ach rinne duine de na saighdiúirí a chliathán
a tholladh le sleá, agus tháinig fuil agus uisce
amach as láithreach.*

Ba é lá an ullmhaithe é, agus ionas nach bhfanfadh
na coirp ar chros le linn na sabóide – óir ba lá
mór sollúnta an tsabóid sin – rinne siad achainí ar
Phioláit go ndéanfaí na lorgaí a bhriseadh agus
na coirp a chartadh as an tslí. Mar sin tháinig na
saighdiúirí agus bhris siad lorgaí an chéad duine
agus an duine eile a céasadh mar aon leis. Ar
theacht dóibh go dtí Íosa, áfach, ó chonaic siad
go raibh sé marbh cheana féin, níor bhris siad a
lorgaí, ach rinne duine de na saighdiúirí a chliathán
a tholladh le sleá, agus tháinig fuil agus uisce
amach as láithreach. Agus an té a chonaic is aige
atá fianaise tugtha air, agus is fíor í an fhianaise,
agus tá a fhios aigesean gur fíor a ndeir sé, chun
go gcreidfeadh sibhse chomh maith. Óir tharla an
méid sin chun go gcomhlíonfaí an scríoptúr:

'Aon chnámh ann ní bhrisfear.'

Agus tá scríoptúr eile a deir:

'Breathnóidh siad ar an té a tholl siad.'

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil**Eoin 6:57**

Alleluia, alleluia!
 Amhail mar a chuir an tAthair beo mise uaidh,
 agus mar is beo mise tríd an Athair
 mar an gcéanna, an té a itheann mise,
 mairfidh sé tríom.
 Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh**Eoin 21:1-14**

Tháinig Íosa agus thóg an t-arán agus thug dóibh é.

Ina dhiaidh sin thaispeáin Íosa é féin arís do na deisceabail ag Muir Thibirias, agus seo mar a thaispeáin: Bhí i bhfochair a chéile: Síomón Peadar, Tomás an Leathchúpla, Natanael ó Chána na Gailíle, agus clann Zeibidé, agus beirt eile dá dheisceabail. Dúirt Síomón Peadar leo: 'Táimse ag dul ag iascach.' 'Rachaimidne leat,' ar siad. D'imigh siad mar sin agus isteach sa bhád leo, ach an oíche sin níor rug siad ar bhreac.

Nuair a tháinig an mhaidin, bhí Íosa ina sheasamh ar an trá, ach ní raibh a fhios ag a dheisceabail gurbh é Íosa é. Dúirt Íosa leo: 'Níl aon iasc agaibh, an bhfuil, a chlann ó?' 'Níl,' ar siad á fhreagairt. Dúirt sé leo: 'Cuirigí an eangach amach ar dheis na loinge, agus gheobhaidh sibh iasc.' Rinne siad cor dá bhrí sin agus láithreach bhí ag teip orthu an eangach a tharraingt, bhí an oiread sin iasc inti. Ansin an deisceabal ab ionúin le Íosa, dúirt sé le Peadar: 'Is é an Tiarna é.' Nuair a chuala Peadar dá bhrí sin gurbh é an Tiarna é, chuir sé a bhrat uime – mar bhí sé gan é – agus chaith sé é féin isteach san fharraige.

Ach tháinig na deisceabail eile sa long mar níorbh fhada ón talamh iad, ach timpeall dhá chéad banlámh; agus tharraing siad an eangach lán d'iasc ina ndiaidh. Nuair a tháinig siad i dtír mar sin, chonaic siad arán ansiúd agus tine ghualaigh agus iasc uirthi. Dúirt Íosa leo: 'Tugaigí anseo cuid de na héisc a ghabh sibh anois.' Ansin chuaigh Peadar ar bord agus tharraing sé an eangach i dtír, agus í lán d'éisc mhóra, céad agus caoga a trí díobh; agus bíodh go raibh siad chomh mór sin níor bhris an eangach. Dúirt Íosa leo: 'Tagaigí agus ithigí.' Ní raibh sé de mhisneach ag aon duine de na deisceabail a fhiafraí de: 'Cé hé thú féin?' mar go raibh fhios acu gurbh é an Tiarna é. Tháinig Íosa agus thóg an t-arán agus thug dóibh é, agus mar an gcéanna leis an iasc. Is é sin anois an tríú huair a thaispeáin Íosa é féin do na deisceabail tar éis do aiséirí ó mhairbh.

Soiscéal an Tiarna.

An Tríú Céim: Ceiliúradh Sacramintí Na Hionadachta

LE LINN BIGIL NA CÁSCA

Tógtar na sleachta ó na cinn atá tugtha do Bhigil na Cáscá. Chomh maith leis na sleachta sin is féidir Eaxodus (sliocht 3), Íseáia 55 (sliocht 5) agus Eizicéil (sliocht 7) a roghnú.

LASMUIGH DE BHIGIL NA CÁSCA

Cuirtear na sleachta i láthair dhá cheann ag an am. Moladh atá sa mhéid seo. Is féidir péireáil eile a úsáid..

An Chéad Léacht Ón Sean-Tiomna

Lasmuigh de Shéasúr na Cáscá

1

Sliocht as Leabhar Gheineasas 15:1-6, 18

Tabharfaidh mé do do shliocht an dúiche seo.

Tamall tar éis na nithe sin tháinig briathar an Tiarna chun Abrám i bhfís á rá: 'Ná bíodh eagla ort, a Abrám. Is mé do sciath; beidh luach saothair an-mhór agat.'

'A Thiarna Dia liom,' arsa Abrám, 'cad a thabharfaidh tú dom? Táim fós gan chlann ... Féach,' arsa Abrám ansin, 'nó thug tú aon sliocht orm i dtreo go mbeidh daor a rugadh i mo theach féin ina oidhre orm.' Agus féach! tháinig briathar an Tiarna chuige gan mhoill: 'Ní hé an fear seo a bheidh ina oidhre ort. Beidh mac a ghinfear ó do leasracha féin ina oidhre ort.' Agus thug sé leis amach é agus dúirt: 'Féach suas ar an spéir agus comhair na réaltaí más féidir duit iad a áireamh. Mar sin,' ar sé ansin, 'a bheidh do shíol.' Agus chreid seisean an Tiarna agus mheas an Tiarna é sin mar fhiréantacht aige.

Rinne an Tiarna Conradh le hAbrám an lá sin á rá: 'Tabharfaidh mé do do shliocht an dúiche seo.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 88:3-4, 16-17, 21-22, 25, 27. Fr v.2

Fr. Canfaidh mé de shíor faoi do bhuanghrá, a Thiarna.

- Óir is deimhin gur daingníodh do bhuanghrá go brách, agus shocraigh tú do dhílseacht chomh buan le neamh. 'Cheangail mé conradh,' [a dúirt tú,] 'leis an té a roghnaigh mé; dhearbhaigh mé do Dháiví mo sheirbhíseach. **Fr**

- Is aoibhinn don phobal arb eol dóibh an gháir áthais; siúlann siad faoi sholas do ghnúise, a Thiarna. Déanann siad gairdeas i d'ainm feadh an lae; agus déantar a mórathas as ucht d'fhiréantachta. **Fr**

- Fuair mé Dáiví, mo ghiolla; mar shruthanna sa Neigib rinne mé a ungadh le m'ola naofa d'fhonn go mbeadh mo lámh leis de shíor; agus go mbeadh mo chuisele ag neartú leis. **Fr**

- Beidh mo dhílse agus mo chineáltas ina fhochair; agus is i m'ainmse a ardófar a neart. Glaofaigh sé orm: 'Is tú m'athair; is tú mo Dhia agus carraig mo shlánaithe.' **Fr**

2

Sliocht as Leabhar Gheineasas 17:1-8

Daingneoidh mé mo Chonradh idir mé agus tú, agus do shliocht i do dhiaidh, glúin ar ghlúin; beidh sé mar Chonradh síoraí.

Nuair a bhí Abrám nócha naoi mbliana d'aois thaispeáin an Tiarna é féin d'Abbrám agus dúirt leis: 'Mise Dia na gCumhacht. Iompair thú féin gan locht i mo láthair-se, agus déanfaidh mé Conradh idir mé agus tú agus cuirfidh mé rath thar na bearta ort.'

Shléacht Abrám go talamh, agus dúirt Dia leis: 'Is leatsa atá mo Chonradh, agus beidh tú i d'athair ar mhórán ciníocha. Ní thabharfar Abrám mar ainm ort feasta, ach thabharfar Abrahám ort, óir tá athair ar mhórán ciníocha á dhéanamh agam díot. Cuirfidh mé rath thar cuimse ort, agus déanfaidh mé ciníocha díot agus tiocfaidh ríthe ar do shíol. Daingneoidh mé mo Chonradh idir mé agus tú,

agus do shliocht i do dhiaidh, glúin ar ghlúin; beidh sé mar Chonradh síoraí mise a bheith i mo Dhia agatsa agus ag do shliocht i do dhiaidh. Agus tabharfaidh mé duitse agus do do shliocht i do dhiaidh tír do dheoraíochta, tír Chanán go léir, i do sheilbh go brách agus beidh mé féin i mo Dhia acu.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 22 Fr v.1 nó Fr 1 Peadar 2:25

Fr. Is é an Tiarna m'Aoire: ní bheidh aon ní de dhíth orm.

Nó

Fr. Bhí sibh mar chaoirigh ar seachrán, ach tá fillte ar ais agaibh ar aoire agus ar chaomhnóir bhur n-anama.

1. Is é an Tiarna m'Aoire: ní bheidh aon ní de dhíth orm. Cuireann sé féin i mo luí mé i móinéar féir ghlais. Seolann sé ar imeall an uisce mé mar a bhfaighim suaimhneas. **Fr**
2. Seolann sé ar shlí na fíréantachta mé mar gheall ar a ainm. Fiú dá siúlfaínn i ngleann an dorchadais, níor bhaol liom an t-olc agus tú faram le do shlat is do bhachall chun sólás a thabhairt dom. **Fr**
3. Cóiríonn tú bord chun béile dom i láthair mo naimhde. Ungann tú mo cheann le hola; tá mo chupa ag cur thairis. **Fr**
4. Leanfaidh cineáltas is buanhrá mé gach lá de mo shaol; i dteach an Tiarna a mhairfidh mé go brách na breithe. **Fr**

3

Sliocht as Leabhar Gheineasas 35:1-4, 6-7

Cuirigí uaibh na déithe deoranta atá agaibh.

Dúirt Dia le Iacób: 'Éirigh agus imigh leat suas go Béitéil, agus cuir fút ann, agus déan altóir ann don Dia a thaispeáin é féin duit agus tú ag teitheadh ó do dheartháir Éasau.'

Dúirt Iacób lena theaghlach agus le cách a bhí ina theannta: 'Cuirigí uaibh na déithe deoranta atá agaibh, agus déanaigí sibh féin a íonghlanadh agus cuirigí malairt éadaigh oraibh féin. Éirimis ansin agus téimis suas go Béitéil chun go dtógfaínn altóir ann do Dhia, an té a d'éist liom nuair a bhíos i

gcruchás agus a bhí faram i ngach treo dár ghabh mé.' Thugadar na déithe bréige go léir a bhí acu do Iacób, agus na fáinní óir a bhí ina gcluasa. Chuir Iacób i dtalamh iad faoin gcrann darach láimh le Seicim.

Tháinig Iacób go Lúz – Béitéil is é sin – i dtír Chanán, é féin agus an mhuintir go léir a bhí fairis. Thug sé altóir ansiúd agus thug sé Éil Béitéil ar an áit mar gur ansiúd a thaispeáin Dia é féin dó agus é ar teitheadh óna dheartháir.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 125 Fr v.3

Fr. Rinne an Tiarna na héachtaí dúinn; bhí áthas orainn go deimhin.

1. Nuair a sheol an Tiarna príosúnaigh Shíón ar ais, ba chosúil le lucht aislinge sinn. Líon ár mbéal le gáire, agus ár dteanga le gairdeas. **Fr**
2. Bhíothas á rá ansin i measc na gcíníocha: 'Rinne an Tiarna go héachtach dóibh.' Rinne an Tiarna na héachtaí dúinn; bhí áthas orainn go deimhin. **Fr**
3. Cuir sonas orainn arís, a Thiarna, mar shruthanna sa Neigib An dream a chuireann síol le deora, bainfidh siad an fómhar faoi ghairdeas. **Fr**
4. Ag sileadh deor dóibh gabhann siad amach, ag iompar síl chun a scaipthe. Ag teacht ar ais dóibh tagann siad faoi áthas, agus a bpunanna á n-iompar acu. **Fr**

4

Sliocht as Leabhar Deotranaimí 30:15-20

Beir an bheatha de rogha dá bhrí sin, i dtreo go mairfidh tú féin agus do shliocht.

[Dúirt Maois leis na daoine:]

'Seo beatha agus rath, bás agus urchóid á gcur agam romhat inniu. Má ghéileann tú d'aitheanta an Tiarna do Dhia a ordaímse duit inniu, má ghránn tú an Tiarna do Dhia agus siúl ina bhealaí, agus a aitheanta, a reachtanna agus a orduithe a choimeád, ansin beidh an bheatha agat, agus beidh síol ort, agus cuirfidh an Tiarna do Dhia a bheannacht ort sa tír a bhfuil tú ag dul ann lena shealbhú. Ach má chlaonann do chroí, má dhiúltaíonn tú éisteacht agus go mealltar thú chun adhradh do dhéithe eile agus seirbhís dóibh, fógraím daoibh inniu go scriosfar sibh, go scriosfar sin; is gearr é bhur seal sa tír a bhfuil tú ag dul thar Iordáin isteach ann á shealbhú. Glaóim ar neamh

agus ar thalamh chun fianaise a bhreith in bhur n-aghaidh inniu: Chuir mé romhat bás nó beatha, beannacht nó mallacht. Beir an bheatha de rogha dá bhrí sin, i dtreo go mairfidh tú féin agus do shliocht, i ngrá an Tiarna do Dhia, ag géilleadh dá ghlór agus ag cloí leis; óir sin é is beatha duit, agus is air a bhraitheann fad do ré sa tír a mhionnaigh an Tiarna do d'aithreacha, d'Abrahám, d'Íosác, agus do Iacób, a thabharfadh sé dóibh.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 8:4-9. Fr v.2 nó Fr Eif 5:14

Fr. A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne!

Nó

Fr. Dúisigh a chodlatáin!
Éirigh ó na mairbh
agus lonróidh Críost ort.

1. Nuair a fheicim na spéartha, saothar do mhéar – an ré agus na réaltaí a rinne tú – cad is duine ann go dtógfá ceann de? ná mac an duine go ndéanfá cúram de? **Fr**
2. Rinne tú beagán níos lú ná dia é gur chuir tú barr glóire agus gradaim air. Thug tú ceannas ar oibreacha do lámh dó agus chuir tú gach aon ní faoina chosa. **Fr**
3. Chuir tú gach rud faoina chosa idir chaoirigh agus eallaí agus eile agus ainmhithe uile an mhachaire, éanlaith an aeir agus iasc na mara agus a ngluaiseann ar raonta na farraige. **Fr**

5

Sliocht as Leabhar Iósua 24:1-2, 15-25

Déanfaimidne fónamh don Tiarna óir is é ár nDia é.

Chuir Iósua tionól ar threibheanna uile Iosrael go Seicim, agus gháir sé chuige seanóirí agus taoisigh agus breithiúna agus feidhmeannaigh Iosrael, agus tháinig siad i láthair Dé. Ansin dúirt Iósua leis an bpobal uile:

'Mar seo a deir an Tiarna, Dia Iosrael: 'Bhí cónaí ar bhur n-aithreacha taobh thall den Abhainn anallód – Tearach, is é sin, athair Abrahám agus Náchór – agus rinneadar fónamh do dhéithe eile. Ach mura mian libh fónamh don Tiarna, déanaigí bhur rogha inniu idir na déithe dá ndearna bhur n-aithreacha fónamh taobh thall den Abhainn, agus déithe na nAmórach a gcónaíonn sibh ina ndúiche anois, le fónamh dóibh. Maidir liom féin agus le mo theaghlach, ámh, déanfaimid fónamh

don Tiarna.'

Dúirt an pobal ansin á fhreagairt: 'Nár lige Dia go dtréigfimis an Tiarna chun fónamh do dhéithe eile! Nach é an Tiarna ár nDia a thug sinne agus ár sinsir aníos as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse agus a rinne na héachtaí sin inár bhfianaise, agus a chumhdaigh sinn san uile shlí a ndeachamar, agus i measc na gcíníocha go léir trínár ghabhamar? Agus rud eile dhe, is é an Tiarna a thiomáin romhainn na ciníocha sin go léir, mar aon leis na hAmóraigh a raibh cónaí orthu sa tír. Uime sin a dhéanfaimidne mar an gcéanna fónamh don Tiarna óir is é ár nDia é.'

Dúirt Iósua leis an bpobal ansin: 'Ní féidir daoibh fónamh don Tiarna, óir is Dia naofa é; is Dia éadmhar é nach maithfidh daoibh bhur gcionta ná bhur bpeacaí. Má thréigeann sibh an Tiarna chun fónamh do dhéithe coimhthíocha, iompóidh seisean oraibh agus déanfaidh sé dochar daoibh agus díothóidh sé sibh tar éis a ndearna sé de mhaith daoibh.' Dúirt an pobal le Iósua: 'Ní hea! Is don Tiarna a dhéanfaimid fónamh.' Dúirt Iósua leis an bpobal ansin: 'Is finnéithe sibh in bhur n-aghaidh féin go bhfuil an Tiarna tofa agaibh chun fónamh dó.' Agus dúirt siadsan: 'Is finnéithe sinn.' 'Cuirigí uaibh más ea,' ar seisean, 'na déithe coimhthíocha atá agaibh agus tugaigí bhur gcroí don Tiarna, Dia Iosrael.' D'fhreagair an pobal Iósua: 'Is don Tiarna ár nDia a dhéanfaimid fónamh, agus is dá ghuth siúd a bheimid umhal.'

Uime sin rinne Iósua conradh leis an bpobal an lá sin, agus leag sé síos reachtanna agus foraitheanta dóibh ag Seicim.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 41:2-3; 42:3-4. Fr Salm 41:3

Fr. Tá cíocras chun Dé ar m'anam, chun Dé bheo.

1. Faoi mar a shantaíonn an eilit na sruthanna uisce is amhlaidh a shantaíonn m'anam thusa, a Dhia. **Fr**
2. Tá cíocras chun Dé ar m'anam chun Dé bheo; cá huair a thiocfaidh mé go bhfeicfidh mé gnúis mo Dhé. **Fr**
3. Cuir chugam do sholas agus d'fhírinne, go ndéana siad mo threorú do mo thionlacan faoi dhéin do chnoic naofa, faoi dhéin do phaillíúin. **Fr**
4. Triallfaidh mé ar altóir Dé, ar Dhia is cúis áthais dom; agus déanfaidh mé do mholadh ar an gcruita Dhia, ón, a Dhia liom! **Fr**

Sliocht as Dara Leabhair na Ríthe 5:9-15

Ansin chuaigh [Námán] síos agus thum é féin seacht n-uaire sa Iordáin de réir chomhairle ghiolla Dé. Agus leigheasadh a chneas mar bheadh cneas naíonáin ann agus bhí sé glan.

Dá bhrí sin tháinig Námán lena chapail agus lena charbad agus stad sé ag doras theach Eiliséa. Chuir Eiliséa teachtaire chuige á rá: ‘Imigh leat agus nigh thú féin seacht n-uaire sa Iordáin; agus cneasóidh do chorp agus beidh tú glan athuair.’ Tháinig fearg ar Námán agus d’imigh sé leis á rá: ‘Shíl mé go dtiocfadh sé amach chugam, go ndéanfadh sin, agus go seasfadh sé amuigh ag glaoch ar ainm an Tiarna a Dhia, agus a lámh a shíneadh os cionn an bhaill agus an lobhar a leigheas. Nach fearr iad an Abáná agus an Farpar, aibhneacha na Damaisce, ná a bhfuil d’uiscí in Iosrael chun go nífinn mé féin iontu agus go nglanfaí mé.’ Dá bhrí sin thiontaigh sé agus d’imigh agus é ar buile. Tháinig a shearbhónta chuige agus dúirt leis: ‘A athair, dá n-iarrfadh an fáidh ort rud éigin deacair a dhéanamh, is cinnte go ndéanfá é. Nach móide is ceart duit a bhfuil ráite aige leat anois a dhéanamh: ‘Nigh thú féin agus beidh tú glan?’ Ansin chuaigh sé síos agus thum é féin seacht n-uaire sa Iordáin de réir chomhairle ghiolla Dé. Agus leigheasadh a chneas mar a bheadh cneas naíonáin ann agus bhí sé glan.

Ansin d’fhill sé ar an ngiolla Dé, é féin agus a chuideachta, agus sheas sé os a chomhair. ‘Anois a aithním,’ ar seisean, ‘nach bhfuil Dia ar bith sa domhan ar fad ach amháin in Iosrael.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 50:3-4, 8-9, 12-14, 17. Fr v.12. nó Fr Eiz 36:26

Fr. Cruthaigh ionam croí glan, a Dhia.

Nó

Fr. Tabharfaidh mé croí nua daoibh fosta agus cuirfidh spiorad nua ionaibh.

1. Déan trócaire orm, a Dhia, de réir do bhuanghrá:
cealaigh mo choir as iomad do thrua.
Nigh go huile mé ó mo chion,
agus déan mo pheaca a ghlanadh díom. **Fr**
2. Féach, is geal leat an croí dílis,
agus i mo lár istigh múineann tú eagna dom.
Croith orm hiosóip agus glanfar mé;
nigh mé agus is gile mé ná an sneachta. **Fr**

3. Cruthaigh ionam croí glan, a Dhia, agus cruthaigh spiorad daingean as an nua ionam.

Ná díbir amach as do radharc mé agus ná beir do naomhspiarad uaim. **Fr**

4. Tabhair ar ais dom áthas do shlánaithe agus tabhair spiorad na díograise mar thaca dom.

A Thiarna, oscail mo bheola, agus fógróidh mo bhéal do mholadh. **Fr**

7

Sliocht as Leabhar Íseáia, fáidh 44:1-3

Doirtfidh mé mo spiorad ar do phór.

Éist anois, a Iacóib, a ghiolla liom, a Iosrael, atá tofa agam.

Seo mar a deir an Tiarna a rinne thú, a dhealbhaigh ón mbroinn i leith thú agus a chabhraíonn leat:

Ná bíodh eagla ort, a ghiolla liom, a Iacóib, a Isiriún atá tofa agam.

Óir doirtfidh mé uisce anuas ar an triomlach, uisce ina thuilte ar an talamh spalptha.

Doirtfidh mé mo spiorad ar do phór, mo bheannacht ar shliocht do shleachta.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 62:2-6, 8-9. Fr v.2

Fr. A Dhia, mo Dhia thú, is tú a iarraim.

1. A Dhia, mo Dhia thú, is tú a iarraim, tá íota tharta ar m'anam chugat. Ní théann lagadh ar mo cholainn ach ag tnúth leat amhail talamh túr tirim gan uisce. **Fr**
2. Is mar sin a bhínn ag amharc ort san ionad naofa d'fhonn go bhfeicfinn do ghlóir is do chumhacht. De bhí gur fearr ná an bheatha féin do bhuanghrá, canfaidh mo bheola do mholadh. **Fr**
3. Ar an ábhar sin beannóidh mé le mo bheo thú agus ardóidh mé mo lámha i d'ainmse. Líonfar m'anam mar a líonfaí le fleá é, agus molfaidh mo bhéal le ríméad thú. **Fr**
4. Óir ráinig tú i do chúntóir agam, agus gairdím faoi scáth do sciathán. Tá m'anam ag cloí go dlúth leat. **Fr**

Sliocht as Leabhar Irimia, fáidh 31:31-34

Cuirfidh mé mo dhlí iontu istigh agus scríobhfaidh mé ina gcroí é.

'Féach, tá na laethanta ag teacht – an Tiarna a labhraíonn – a ndéanfaidh mé conradh nua le teach Iosrael (agus le teach Iúdá), ní ar nós an chonartha a rinne mé lena n-aithreacha an lá ar ghlac mé ar láimh iad á dtabhairt amach as críoch na hÉigipte. Bhriseadar an conradh sin orm, gur thaispeáin mé dóibh cérbh é an máistir – an Tiarna a labhraíonn. Ach is é seo an conradh a dhéanfaidh mé le teach Iosrael nuair a thiocfaidh na laethanta sin – an Tiarna a labhraíonn: Cuirfidh mé mo dhlí iontu istigh agus scríobhfaidh mé ina gcroí é. Beidh mé ansin i mo Dhia acu agus beidh siadsan ina bpobal agamsa. Ní bheidh call feasta le duine a bheith ag iarraidh a chomharsa a mhúineadh, ná le deartháir a rá lena dheartháir: 'Bíodh aithne ar an Tiarna agat!' Ní hea, beidh aithne acu go léir orm, ón té is lú díobh go dtí an té is mó – an Tiarna a labhraíonn – óir maithfidh mé a n-éigeart dóibh agus ní chuimhneoidh mé ar a bpeacaí níos mó.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 31:1-2, 5, 11. Fr v.1 nó v.11

Fr. Is méanar dár maitheadh a choir.

Nó

Fr. Déanaigí lúcháir agus gairdeas sa Tiarna, a fhírreana uile.

1. Is méanar dár maitheadh a choir; dár folaíodh a pheaca; an té nach gcuireann an Tiarna cion ina leith, 's nach bhfuil cealg ina chroí. **Fr**
2. Ach cheana, d'admhaíos mo pheaca duit agus níor cheil mé m'urchóid. Dúirt mé: 'Admhóidh mé anois mo choir don Tiarna.' Agus thug tú maithiúnas dom ansin: mhaith tú mo pheaca dom. **Fr**
3. Déanaigí lúcháir agus gairdeas sa Tiarna, a fhírreana uile. Déanaigí aoibhneas agus áthas a lucht an chroí dhírig. **Fr**

Sliocht as Leabhar Eizicéil, fáidh 36:24-28

Croithfidh mé uisce glan oraibh agus beidh sibh glan.

Bainfidh mé amach sibh as na ciníocha agus baileoidh sibh le chéile ó na coigríocha go léir agus tabharfaidh mé sibh abhaile chuig bhur dtír dhúchais. Croithfidh mé uisce glan oraibh agus beidh sibh glan; scagfaidh mé sibh ó bhur salachar uile agus ó bhur n-íola uile. Tabharfaidh mé croí nua daoibh fosta agus cuirfidh spiorad nua ionaibh; bainfidh mé an croí cloiche as bhur gcorp agus tabharfaidh croí feola daoibh ina áit. Cuirfidh mé mo spiorad ionaibh agus tabharfaidh oraibh siúl de réir mo reachtanna agus mo dheasghnátha a chomhlíonadh go beacht. Cónóidh sibh sa tír a bhronn mé ar bhur n-aithreacha; beidh sibh in bhur bpobal agam agus beidh mise i mo Dhia agaibh.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 50:3-4, 8-9, 12-14, 17. Fr v.12 nó Fr Eiz 36:26.

Fr. Cruthaigh ionam croí glan, a Dhia.

AN CHÉAD LÉACHT ÓN TIOMNA NUA**Le Linn Séasúr na Cásca****1****Sliocht as Gníomhartha na nAspal 2:14, 36-42**

Déantar gach duine agaibh a bhaisteadh in ainm Íosa Críost.

Ansin d'éirigh Peadar ina sheasamh i gcuideachta an Aon Duine Dhéag agus labhair leo de ghuth ard:

'Más ea, bíodh a fhios go dearfa ag teaghlach Iosrael ar fad go ndearna Dia Tiarna agus Meisias den Íosa seo a chéas sibhse ar chrois.'

Chuaigh an chaint sin go dtí an croí iontu agus dúirt siad le Peadar agus leis na haspail eile: 'Cad atá le déanamh againn, a bhráithre?' Agus d'fhreagair Peadar iad: 'Déanaigí aithrí,' ar seisean, 'déantar gach duine agaibh a bhaisteadh in ainm Íosa Críost chun maithiúnas na bpeacaí agus glacfaidh sibh tabhartas an Spioraid Naoimh; mar is daoibhse agus do bhur gclann atá an gealltanais úd agus dóibh siúd freisin atá i bhfad ar shiúl – don uile dhuine dá nglaofaidh ár nDia chuige.' Rinne sé mórán eile cainte ag áiteamh leo agus ag tathant orthu: 'Sabháiligí sibh féin,' ar seisean leo, 'ón nglúin chlaon seo.' An méid díobh a ghlac lena theachtaireacht, baisteadh iad agus cuireadh tuairim is trí mhíle duine lena líon an lá sin.

Fr. Tabharfaidh mé croí nua daoibh fosta agus cuirfidh spiorad nua ionaibh.

1. Déan trócaire orm, a Dhia, de réir do bhuanghrá: cealaigh mo choir as iomad do thrua. Nigh go huile mé ó mo chion, agus déan mo pheaca a ghlanadh díom. **Fr**
2. Féach, is geal leat an croí dílis, agus i mo lár istigh múineann tú eagna dom. Croith orm hiosóip agus glanfar mé; nigh mé agus is gile mé ná an sneachta. **Fr**
3. Cruthaigh ionam croí glan, a Dhia, agus cruthaigh spiorad daingean as an nua ionam. Ná díbir amach as do radharc mé agus ná beir do naomhspiorad uaim. **Fr**
4. Tabhair ar ais dom áthas do shlánaithe agus tabhair spiorad na díograise mar thaca dom. A Thiarna, oscail mo bheola, agus fógróidh mo bhéal do mholadh. **Fr**

Is féidir sleachta eile ón Sean-Tiomna, a úsáidtear ag Bigil na Cásca, a roghnú.

Agus chloígh siad go daingean le teagasc na n-aspal, le comaoin ar a chéile, le briseadh an aráin agus leis na hurnaithe.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 33:2-3, 6-9, 14-19. Fr v.6

Fr. Féachaigí chuige agus loinnir oraibh.

1. Beannóidh mé an Tiarna i dtólamh beidh a mholadh i mo bhéal i gcónaí. Bíonn m'anam ag déanamh mórtais as an Tiarna: éistfidh daoine ísle agus beidh áthas orthu. **Fr**
2. Féachaigí chuige agus loinnir oraibh 's na bíodh luisne na náire in bhur leicne. Nuair a scairt an t-ainniseoir seo d'éist an Tiarna, agus shaor sé óna chúngaigh go léir é. **Fr**
3. Bíonn aingeal an Tiarna i gcampa thart ar lucht a eaglaithe, á bhfuascailt. Blaisigí is féachaigí a fheabhas atá an Tiarna: is aoibhinn dá dtagann faoina dhídean. **Fr**

4. Coinnigh do theanga ón olc agus do bhéal ó bhriathra éithigh. Seachain an t-olc agus déan an mhaith; bí ag lorg na síochána agus lean di. **Fr**
5. Bíonn súile an Tiarna ar na fíréin agus tugann sé aird ar a n-achainí. Iompaíonn an Tiarna ó lucht déanta an oilc d'fhonn a gcuimhne a scriosadh den talamh. **Fr**
6. Éisteann an Tiarna nuair a ghlaonn na fíréin air: fuasclaíonn sé óna gcúngaigh go léir iad. Bíonn an Tiarna i ngar don lucht coscartha agus tarrthaíonn sé an dream atá do-mheanmnach. **Fr**

2

Sliocht as Gníomhartha na nAspal 8:26-38

'Féach,' arsa an coillteán, 'tá uisce anseo. Cad é an bac atá ormsa mo bhaisteadh?'

Labhair aingeal an Tiarna le Pilib: 'Éirigh,' ar seisean, 'agus gluais leat ó dheas an bóthar a ghabhann ó Iarúsailéim go Gazá; sin é bóthar an fhásaigh.' D'éirigh Pilib agus chuir chun bóthair. Agus tharla ag dul an bealach sin coillteán Aetópach, fear a bhí ina ardoifigeach ag Candacae, banríon na nAetópach, agus ina choimeádaí ar a cuid maoinne uile. Bhí sé tar éis teacht go hIarúsailéim ag adhradh Dé agus bhí sé ar a shlí abhaile agus é ina shuí ina charráiste agus ag léamh Íseáia fáidh. Labhair an Spiorad le Pilib: 'Gabh suas chun an charráiste agus siúil lena thaobh.' Rith Pilib anonn agus nuair a chuala sé an coillteán ag léamh Íseáia fáidh, labhair sé leis: 'An dtuigeann tú a bhfuil agat á léamh?' ar seisean. 'Conas a thuigfinn,' d'fhreagair an coillteán, 'gan duine éigin a mhíneodh dom é?' agus d'iarr ar Pilib suí in airde leis. Is é seo an giota den scríoptúr a bhí a léamh aige:

'Seoladh é amhail caora chun a choscartha, agus amhail uan a bheadh ina thost os comhair an lomadóra, níor oscail sé a bhéal. Ó tugadh céim síos dó ní raibh cothrom le fáil aige. Cé a dhéanfaidh trácht ar a shliocht mar tógadh as an saol seo é.'

Labhair an coillteán le Pilib: 'Inis dom,' ar sé, 'cé dó a bhfuil an fáidh ag tagairt? Cé acu dó féin atá sé ag tagairt nó do dhuine éigin eile?' Bhog Pilib chun cainte, agus ag tosú ón dréacht seo den scríoptúr d'fhógair sé dó an dea-scéal faoi Íosa.

Bhí siad ag cur an bhóthair díobh nuair a tháinig siad chun lochán uisce. 'Féach,' arsa an coillteán, 'tá uisce anseo. Cad é an bac atá ormsa mo bhaisteadh?' (Dúirt Pilib leis: 'Má chreideann tú ó do chroí go hiomlán, is ceadmhach duit.' D'fhreagair sé agus dúirt: 'Creidim gurb é Mac Dé é Íosa Críost.') D'ordaigh sé an carráiste a stop, chuaigh siad beirt, Pilib agus an coillteán, síos

isteach san uisce agus bhaist Pilib é.

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 26:1, 4, 8-9, 13-14. Fr v.1 nó Fr Eif 5:14

Fr. Is é an Tiarna mo sholas is mo shlánú.

Nó

Fr. Dúisigh a chodlatáin!
Éirigh ó na mairbh
agus lonróidh Críost ort.

1. Is é an Tiarna mo sholas is mo shlánú, cé a chuirfidh eagla orm?
Is é an Tiarna daingean m'anama;
cé a chuirfidh ar crith mé? **Fr**
2. Iarraim aon ní amháin ar an Tiarna;
bím ag tnúth leis de shíor:
go gcónóidh mé in áras an Tiarna
gach lá de mo shaol;
go bhfaighidh mé taitneamh in aoibhneas an Tiarna
's go bhfeicfidh mé a theampall. **Fr**
3. Bím ag lorg do ghnúise, a Thiarna,
ná folaigh d'aghaidh orm.
Ná cuir do ghiolla uait i bhfeirg;
is tú mo chúnaimh.
Ná teilg uait mé is ná tréig mé:
a Dhia mo shlánaithe! **Fr**
4. Creidim go bhfeicfidh mé maitheas an Tiarna
i dtír na mbeo.
Fan leis an Tiarna go meanmnach;
bíodh misneach i do chroí.
Cuir do dhóchas sa Tiarna. **Fr**

3

Sliocht as Apacailipsis Eoin 19:1, 5-9.

Is méanar dóibh siúd a fhaigheann cuireadh chun bainis an Uain.

Ina dhiaidh sin chuala mé mar a bheadh glór mathshlua mhóir sna flaithis á rá: 'Alleluia! Is lenár nDia slánú agus glóir agus neart.'

Agus tháinig guth ón ríchathaoir amach á rá:

'Molaigí bhur nDia, a sheirbhíseacha go léir leis, sibhse ar a bhfuil a eagla, idir bheag agus mhór.'
Ansin chuala mé glór mar a bheadh glór mathshlua mhóir agus mar a bheadh glór tuiltí lána, agus mar a bheadh glór tóirní tréine, agus iad á rá:
'Alleluia! Óir tháinig an Tiarna, ár nDia Uilechumhachtach, i réim. Déanaimis gairdeas agus lúcháir agus tugaimis glóir dó. Óir tá bainis an Uain tagtha, agus tá a nuachair arna hullmhú féin.

Deonaíodh di í féin a ghléasadh i línéadach mín
geal glioscarnach'
(óir is iad oibreacha fíréantachta na naomh an
línéadach mín). Agus dúirt [an t-aingeal] liom: 'Is
méanar dóibh siúd a fhaigheann cuireadh chun
bainis an Uain.'

Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra

Salm 65:1-3, 5-6, 8-9, 16-17. Fr v.1

Fr. Gairdigí i láthair Dé, a thíortha uile.

1. Gairdigí i láthair Dé, a thíortha uile,
canaigí Salm le hurraim dá ainm.
Tugaigí moladh agus glóir dó;
Abraigí le Dia: 'Nach éachtach iad d'oibreacha!
Fr
2. Téanaigí agus féachaigí oibreacha Dé –
na héachtaí a rinne sé idir daoine.
Rinne sé talamh tirim den mhuir
ionas go ndeachaigh siad de chosa tríd an
abhainn. **Fr**
3. Beannaigí dár nDia, a chiníocha,
go gcluintear a mholadh os ard,
Óir is é a thug beatha dár n-anam
agus nár lig dár gcosa bheith ag tuisliú. **Fr**
4. Téanaigí, a bhfuil eagla Dé oraibh,
go n-inseoidh mé a ndearna sé do m'anam.
Ghlaigh mé os ard air le mo bhéal
agus rinne mé a mholadh le mo theanga. **Fr**

AN DARA LÉACHT ÓN TIOMNA NUA

1

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh 6:3-11

Nó an é nach dtuigeann sibh, gach duine againn a baisteadh in Íosa Críost, gur ina bhás a baisteadh é.

Nó an é nach dtuigeann sibh, gach duine againn a baisteadh in Íosa Críost, gur ina bhás a baisteadh é. Go deimhin comhadhlacadh sinn sa bhás leis tríd an mbaisteadh i dtreo go siúlóimisne freisin i mbeatha úrnua, faoi mar a tógadh Críost ó mhairbh trí ghlóir an Athar.

Mar má táimid aontaithe leis trí mhacasamhail a bháis beimid aontaithe leis freisin trí mhacasamhail a aiséirí. Tá a fhios againn é seo, gur comhchéasadh ár seannádúr mar aon leis ar an gcrois d'fhonn ár gcolainn pheacúil a chur ó rath, i dtreo nach mbeimis ag seirbhís don pheaca níos mó.

Mar an té atá tar éis bháis, tá sé saor ón bpeaca. Ach má fuaireamar bás mar aon le Críost, creidimid go mbeimid beo mar aon leis chomh maith. Tá a fhios againn ó tógadh Críost ó mhairbh nach bhfaighidh sé bás níos mó. Níl aon cheannas ag an mbás air feasta, mar an bás a fuair sé, ba bhás mar leis an bpeaca é, don aon uair amháin go deo, ach is beatha do Dhia a bheatha feasta. Ar an gcuma chéanná ní mór daoibhse a mheas gur daoine sibh chomh maith atá marbh don pheaca agus beo do Dhia in Íosa Críost.

Briathar an Tiarna.

Leagan giorraithe

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh 6:3-4, 8-11.

Nó an é nach dtuigeann sibh, gach duine againn a baisteadh in Íosa Críost, gur ina bhás a baisteadh é.

Nó an é nach dtuigeann sibh, gach duine againn a baisteadh in Íosa Críost, gur ina bhás a baisteadh é. Go deimhin comhadhlacadh sinn sa bhás leis tríd an mbaisteadh i dtreo go siúlóimisne freisin i mbeatha úrnua, faoi mar a tógadh Críost ó mhairbh trí ghlóir an Athar.

Mar an té atá tar éis bháis, tá sé saor ón bpeaca. Ach má fuaireamar bás mar aon le Críost, creidimid go mbeimid beo mar aon leis chomh maith. Tá a fhios againn ó tógadh Críost ó mhairbh nach bhfaighidh sé bás níos mó. Níl aon cheannas ag an mbás air feasta, mar an bás a fuair sé, ba bhás mar leis an bpeaca é, don aon uair amháin go deo, ach

is beatha do Dhia a bheatha feasta. Ar an gcuma chéanná ní mór daoibhse a mheas gur daoine sibh chomh maith atá marbh don pheaca agus beo do Dhia in Íosa Críost.

Briathar an Tiarna.

2

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh 8:28-32, 35, 37-39.

Ní féidir le rud ar bith sinn a scaradh ó ghrá Dé atá in Íosa Críost ár dTiarna.

Tá a fhios againn chomh maith go gcomhoibríonn Dia san uile ní leo siúd a bhfuil grá acu dó agus a bhfuil glaoite aige orthu de réir a chomhairle. Mar na daoine a thogh sé roimh ré, cheap sé ó thús iad le bheith ina macasamhla dá Mhac féin sa tslí go mbeadh seisean ina chéadghin ar mhórán bráithre. Agus na daoine a bhí ceaptha ó thus aige is iad sin a ghlaoigh sé; agus na daoine a bhí glaoite aige is iad sin a d'fhíránaigh sé, agus na daoine a bhí firéanaithe aige, is iad sin a ghlóirigh sé.

Cad a déarfaimid faoin méid sin, más ea? Má tá Dia ar ár dtaobh, cé atá inár gcoinne? Nuair nár lig sé uaidh a mhac féin ach é a thabhairt suas ar mhaithe linne go léir, cén fáth nach mbronnfaidh sé gach grásta eile orainn ina theannta chomh maith?

Cé a scarfaidh ó ghrá Chríost sinn? Trioblóid an ea? nó cruatan, nó géarleanúint, nó gorta, nó nochtacht, nó guais, nó an cláiomh féin? Ach sna cúrsaí seo go léir, beirimid an bua go caithréimeach tríd an té úd a thug grá dúinn.

Mar táim cinnte dearfa de nach bhféadfaidh bás ná beatha, aingil ná prionsaí ná cumhachtaí, nithe atá ann anois ná nithe atá le teacht, an domhan thuas ná an domhan thíos, ná dúil chruthaithe ar bith eile sinn a scaradh ó ghrá Dé atá in Íosa Críost ár dTiarna.

Briathar an Tiarna.

3

Sliocht as Céad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh 12:12-13.

Baisteadh an uile dhuine againn leis an aon Spiorad amháin.

Is aonad an corp agus mórán ball ann, ach dá líonmhaire iad na baill ní dhéanann siad uile ach aon chorp amháin. Is é an dála céanna ag Críost é: mar cibé acu Giúdaigh nó Gréagaigh sinn, saor nó daor, baisteadh an uile dhuine againn leis an aon Spiorad amháin, isteach san aon chorp amháin agus as an aon Spiorad amháin tugadh deoch le hól dúinn.

Briathar an Tiarna.

4

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na Galataigh 3:26-28.

Gach duine agaibh a baisteadh i gCríost, tá Críost curtha uime aige mar éide.

Mar is mac do Dhia gach uile dhuine agaibh de bharr bhur gcreidimh in Íosa Críost. Gach duine agaibh a baisteadh i gCríost, tá Críost curtha uime aige mar éide. Níl Giúdach ná Gréagach oraibh feasta, níl saor ná daor, fireann ná baineann; is aon sibh uile i gCríost Íosa.

Briathar an Tiarna.

5

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na hEifisigh 1:3-10, 13-14.

Leag sé amach ó thús de réir mhian a thola féin go mbeimisne inár gclann aige trí Íosa Críost.

Moladh le Dia, le hAthair ár dTiarna Íosa Críost, a bhronn orainn, i gCríost, gach tabhartas spioradálta sna flaithis. Roimh thúsú an domhain roghnaigh sé sinn i gCríost chun bheith naofa gan locht os a chomhair. Le barr grá dúinn leag sé amach ó thús de réir mhian a thola féin go mbeimisne inár gclann aige trí Íosa Críost, i dtreo go molfaí an grásta as cuimse a roinn sé orainn go fras ina Mhac muirneach. Is sa Mhac sin, as ucht a chuid fola, atá ár bhfuascailt faighte againne, maithiúnas ár gcionta,

de réir iomadúlacht an ghrásta a roinn sé orainn go fial.

Le teann eagna agus gaoise nocht sé dúinn rún a thola –

de réir an chuspóra a bhí leagtha amach aige ó thús

lena chur i gcrích i gCríost,

nuair a bheadh an t-ionú tagtha –

mar atá, an beartas

gach a bhfuil ar neamh agus ar talamh

a thabhairt le chéile faoi cheannas Chríost.

Agus is i bpáirt leis a roghnaíodh sibhse freisin,

nuair a chuala sibhse briathar na firinne

agus dea-scéal bhur slánaithe,

nuair a chreid sibh ann agus

gur buaileadh oraibh stampa an Spioraid Naomh a

bhí geallta.

Is éarlais an Spiorad ar ár n-oidhreacht

nó go bhfaighimid seilbh iomlán uirthi;

chun moladh a ghlóire.

Briathar an Tiarna.

6

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na hEifisigh 4:1-6.

Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin.

Táim ag impí oraibh, dá bhrí sin, agus mé i mo ghéibheannach ag an Tiarna, bhur saol a thabhairt go cuí de réir na gairme atá faighte agaibh agus sibh a bheith lán d'uiríslle, de láchas agus d'fhoighne. Cuirigí suas go carthanach le chéile agus déanaigí bhur ndícheall chun an aontacht a thagann ón Spiorad a choimeád faoi cheangal na síochána. Aon chorp amháin agus aon Spiorad amháin atá ionaibh faoi mar nach bhfuil ach aon dóchas amháin agaibh ó fuair sibh bhur ngairm ó Dhia. Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin. Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag cách: é os cionn cách agus ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile.

Briathar an Tiarna.

7

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na Colosaigh 3:9-17.

Tá nádúr nua curtha umaibh.

[Tá] bhur sean-nádúr bainte díbh agaibh mar aon lena chuid gníomhartha agus nádúr nua curtha umaibh – nádúr a bhíonn á shíornuachan ar dheilbh an té a chruthaigh é go dtí go mbeidh fíoraithne agaibh air. Ní Giúdach ná Gréagach atá

ann feasta, duine timpeallghearrtha ná duine gan timpeallghearradh, barbarach ná Sciótach, saor ná daor ach Críost amháin – Críost an Uile agus é san uile ní.

Dá bhrí sin, ós sibhse an pobal tofa, pobal naofa muirneach Dé, cuirigí umaibh trua croí, cineáltas, uirisle, ceansacht agus foighne. Cuirigí suas le chéile agus cibé locht a bhíonn ag duine agaibh ar dhuine eile maithigí dá chéile é; faoi mar a mhaith an Tiarna daoibh, déanaigí-se mar an gcéanna. Agus mar bharr ar gach ní acu sin cuirigí umaibh an grá mar is é a chuirfidh bail agus críoch ar an iomlán. Agus bíodh síocháin Chríost i réim in bhur gcroí mar is chun síocháin a bheith agaibh a glaodh sibh le chéile in aon chorp amháin. Agus bígí buíoch.

Bíodh briathar Chríost ina chónaí faoi rath in bhur measc. Déanaigí a chéile a chomhairliú agus a theagasc le barr eagna. Canaigí sailm agus iomainn agus laoihe spioradálta in ómós do Dhia agus buíochas in bhur gcroí. Agus gach ní dá ndéanann sibh le briathar nó le gníomh, déanaigí an t-iomlán in ainm an Tiarna Íosa ag gabháil buíochais le Dia an tAthair tríd.

Briathar an Tiarna.

8

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig Títeas 3:4-7.

Shaor sé sinn trí fhothragadh na hathghiniúna agus trinár n-athnuachan ag an Spiorad Naomh.

Ach nuair a nochtadh cineáltas Dé, ár slánaitheoir, agus a ghrá don chine daonna, shaor sé sinn. Agus ní de bharr aon dea-oibreacha fíréantachta a bheith déanta againne é ach as ucht a thrócaire féin. Shaor sé sinn trí fhothragadh na hathghiniúna agus trinár n-athnuachan ag an Spiorad Naomh. Dháil sé an Spiorad orainn go fras trí Íosa Críost ár slánaitheoir chun go bhfíréanófaí sinn lena ghrásta agus go mbeimis inár n-oidhrí aige agus súil againn leis an mbeatha shíoraí.

Briathar an Tiarna.

9

Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na hEabhraigh 10:22-25.

Bíodh ár gcroíthe glan ó gach smál coinsiasa agus ár gcoirp nite le fíoruisce.

Mar sin de, téimis isteach le croí ionraic agus le creideamh iomlán; bíodh ár gcroíthe glan ó gach smál coinsiasa agus ár gcoirp nite le fíoruisce. Coinnimis greim daingean dobhogtha ar an dóchas a admháimid a bheith againn, mar is dílis an té a thug na gealltanais uaidh. Agus tugaimis

aird ar a chéile chun go spreagfaimid a chéile chun grá a thaispeáint dá chéile agus chun dea-oibreacha a dhéanamh. Ná fanaimis as láthair ónár gcomhthionól mar a dhéanann daoine áirithe, ach bímis ag misniú a chéile, go mór mór ó fheiceann sibh go bhfuil Lá an Tiarna ag druidim linn.

Briathar an Tiarna.

10

Sliocht as Céad Litir Naomh Peadar 2:4-5, 9-10.

Ach is cine tofa sibhse, sagartacht ríoga.

Druidigí ina aice, os é an chloch bheo é dár dhiúltaigh daoine, ach ar tofa luachmhar i láthair Dé í; agus tógar sibhse féin, faoi mar ba bheochlocha sibh, in bhur n-áras spioradálta, le bheith in bhur sagartacht naofa le híobairtí spioradálta taitneamhacha a ofráil do Dhia trí Íosa Críost.

Ach is cine tofa sibhse, sagartacht ríoga, muintir naofa, pobal a cuireadh ar leithrigh, le go bhfógródh sibh éachtaí an té sin a ghlaigh as an dorchadas amach oraibh chun a sholais iontaigh féin. Níor phobal sibh tráth, ach anois is pobal Dé sibh; níor bhain a thrócaire libh tráth, ach anois tá bainte aici libh.

Briathar an Tiarna.

SOISCÉAL

1

Comhgháir an tSoiscéil Col 3:1

Alleluia, alleluia!
Agus ós rud é go bhfuil sibh éirithe
ó mhairbh mar aon le Críost,
bíodh lorg agaibh
ar na nithe atá thuas
mar a bhfuil Críost ina shuí ar dheis Dé.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha 16:24-27.

*Más áil le haon duine bheith ar mo bhuíon,
séanadh sé é féin.*

Ansin dúirt Íosa lena dheisceabail: 'Más áil le haon duine bheith ar mo bhuíon, séanadh sé é féin, tógadh suas a chros agus leanadh mé. Óir cibé arb áil leis a anam a shaoradh, caillfidh sé é; ach cibé a chaillfidh a anam mar gheall ormsa, gheobhaidh sé é. Óir cá fearde duine go ngnóthódh sé an domhan go léir dá ligfeadh sé a anam féin ar ceal? Nó cad a d'fhéadfadh duine a thabhairt mar mhalairt ar a anam? Óir tá Mac an Duine le teacht faoi ghlóir a Athar lena chuid aingeal, agus ansin cúiteoidh sé le gach duine de réir mar a rinne.'

Soiscéal an Tiarna.

2

Comhgháir an tSoiscéil Eif 4:5-6

Alleluia, alleluia!
Níl ann ach aon Tiarna amháin,
aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh
amháin.
Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag
cábh.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Matha 28:18-20.

*Déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á
mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic
agus an Spioraid Naoimh.*

Tháinig Íosa chucu agus labhair sé leo: 'Tá gach údarás tugtha domsa ar neamh agus ar talamh. Imígi dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaol.'

Soiscéal an Tiarna.

3

Comhgháir an tSoiscéil Eoin 3:16

Alleluia, alleluia!
Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin
gur thug sé a Aonghin Mic uaidh
i dtreo, gach duine a chreideann ann,
nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha
shíoraí aige.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas 1:9-11.

Fuair Íosa baisteadh sa Iordáin ó Eoin.

Lá de na laethanta sin tháinig Íosa ó Nazarat sa Ghailíl agus fuair baisteadh sa Iordáin ó Eoin. Agus an túsce a tháinig sé aníos as an uisce, chonaic sé na flathis ag oscailt ó chéile agus an Spiorad mar a bheadh colm ag teacht anuas air. Agus tháinig glór ó na flathis: 'Is tú mo Mhac muirneach; is duit a thug mé gnaoi.'

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
Eoin 14:6

Alleluia, alleluia!
Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha.
Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach
tríomsa.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Marcas 10:13-16

*Cibé nach nglacfaidh ríocht Dé ar nós linbh,
ní rachaidh sé isteach inti choíche.*

Agus bhí siad ag tabhairt na leanaí chuige chun go
sínfeadh sé a lámh orthu, ach bhí na deisceabail
ag cur ceartú orthu. Ar a fheiceáil sin dó, tháinig
míchéadfa air agus dúirt leo: ‘Ligigí do na leanaí
teacht chugam; na coiscigí iad, óir is lena leithéidí
seo ríocht Dé. Deirim libh go fírinneach, cibé nach
nglacfaidh ríocht Dé ar nós linbh, ní rachaidh sé
isteach inti choíche.’ Agus rug sé barróg orthu,
chuir a lámha orthu, agus bheannaigh iad.

Soiscéal an Tiarna.

5

Comhgháir an tSoiscéil
Mc 16:15

Alleluia, alleluia!
Imígí faoin domhan uile
a deir an Tiarna agus
fógraigí an soiscéal don
chruthaíocht uile.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Marcas 16:15-16, 19-20.

An té a chreidfidh agus a bhaistfear, slánófar é.

Agus dúirt sé leo: ‘Imígí faoin domhan uile agus
fógraigí an soiscéal don chruthaíocht uile. An té a
chreidfidh agus a bhaistfear, slánófar é; ach an té
nach gcreidfidh, daorfar é.

Tar éis dó labhairt leo, dá bhrí sin, tógadh an
Tiarna Íosa suas ar neamh, agus chuaigh sé chun
suite ar dheasláimh Dé. Ach iad siúd, d’imigh
siad leo agus chraobhscaoil siad i ngach áit, agus
chabhraigh an Tiarna leo ag neartú an bhriathair
leis na comharthaí a lean é.

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
Col 2:12

Alleluia, alleluia!
Comhadhlacadh sibh in éineacht le Críost
sa bhaisteadh agus chomhéirigh sibh
ó mhairbh in éineacht leis chomh maith.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Lúcás 24:44-53.

*Is amhlaidh go mbeadh aithrí agus
maithiúnas peacaí á bhfógairt ina ainm do na
náisiúin uile.*

Ansin dúirt sé leo: ‘Is iad seo na focail a labhair mé
libh agus mé fós in bhur gcuideachta: ‘Ní foláir na
nithe uile a chomhlíonadh atá scríofa mar gheall
orm i ndlí Mhaois agus sna fáithe agus sna sailm.’’
Ansin d’oscail sé a n-aighe chun go dtuigfidís
na scríoptúir, agus dúirt sé leo: ‘Is amhlaidh sin
atá scríofa, go bhfulaingeach an Críost agus
go n-éireodh sé ó mhairbh an treas lá, agus go
mbeadh aithrí agus maithiúnas peacaí á bhfógairt
ina ainm do na náisiúin uile, ag tosú ó Iarúsailéim.
Is finnéithe sibhse ar na nithe seo.

Agus táim féin, féach, chun a chur uaim anuas
oraibh an ní a gealladh ag m’Athair. Ach fanaigí
sibhse sa chathair nó go ngléasfar sibh i gcumhacht
ó uachtar neimhe.’

Ansin sheol sé amach iad chomh fada le
Béatáine, agus ag ardú a lámh dó, bheannaigh
iad. Agus le linn dó iad a bheannú, scar sé leo agus
tógadh suas ar neamh é.

Agus tar éis dóibh umhlú dó, chuaigh siad ar ais
go Iarúsailéim agus áthas mór orthu, agus bhídís
sa Teampall de ghnáth ag moladh agus ag beannú
Dé.

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
Eoin 3:16

Alleluia, alleluia!
Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin
gur thug sé a Aonghin Mic uaidh
i dtreo, gach duine a chreideann ann,
nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha
shíoraí aige.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Eoin 1:1-5, 9-14, 16-18.

*Thug sé de cheart dóibh go ndéanfaí clann Dé
dóibh, dóibh seo a chreideann ina ainm.*

Bhí an Briathar ann i dtús báire
agus bhí an Briathar in éineacht le Dia,
agus ba Dhia an Briathar.
Bhí sé ann i dtús báire in éineacht le Dia.
Rinneadh an uile ní tríd
agus gan é ní dhearnadh aon ní dá ndearnadh.
Is ann a bhí an bheatha
agus ba é solas na ndaoine an bheatha.
Agus tá an solas ag taitneamh sa dorchadas,
ach níor ghabh an dorchadas é.
An solas fírinneach
a shoilsiúnn gach aon duine,
bhí sé ag teacht ar an saol.
Bhí sé ar an saol
agus is tríd a rinneadh an saol,
agus níor aithin an saol é.
Chun a chuid féin a tháinig
agus níor ghlac a mhuintir é.
Ach an uile dhuine a ghlac é,
thug sé de cheart dóibh
go ndéanfaí clann Dé dóibh,
dóibh seo a chreideann ina ainm,
an mhuintir nach as folanna a rugadh iad
ná as toil feola,
ná as toil fir ach ó Dhia.
Agus rinneadh feoil den Bhriathar
agus chónaigh sé inár measc,
agus chonacamar-na a ghlóir,
a ghlóir mar Aonghin ón Athair,
lán de ghrásta agus d'fhírinne.
Óir ghlacamar uile as a lánmhaireacht,
sea, grásta ar ghrásta.
Tugadh an dlí go deimhin trí Mhaois,
ach tháinig an grásta agus an fhírinne trí Íosa
Críost.
Ní fhaca aon duine riamh Dia.
An tAonghin atá i gcochall chroí Dé,
eisean a d'aithris.

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
2 Tiom 1:10

Alleluia, alleluia!
Chuir seisean an bás ar neamhní
agus thug chun solais an bheatha
agus an neamhbhásmaireacht
trí bhíthin an dea-scéil.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Eoin 1:29-34.

Seo é Uan Dé a thógann peaca an domhain.

Lá arna mhárach chonaic Eoin Íosa ag teacht
chuige agus dúirt sé: 'Seo é Uan Dé a thógann
peaca an domhain. Eisean an té a ndúirt mé faoi:
'Tá duine ag teacht i mo dhiaidh a bhfuil tosach
aige orm, mar bhí sé ann romham.' Níorbh aithnid
dom féin é, ach is chun go nochtfaí d'Iosrael é a
tháinig mé ag baisteadh le huisce.' Agus thug Eoin
fianaise: 'Chonaic mé,' ar sé, 'an Spiorad, mar
cholm, ag tuirlingt air ó na flaithis agus ag fanacht
air. Níorbh aithnid dom féin é, ach an té a sheol
mé ag baisteadh le huisce, dúirt seisean liom: 'An
té ar a bhfeicfidh tú an Spiorad ag tuirlingt agus
ag fanacht air, eisean an té a bhaistean leis an
Spiorad Naomh.' Chonaic mé agus is finné mé gurb
é seo Mac Dé.'

Soiscéal an Tiarna.

Comhgháir an tSoiscéil
1 Pead 2:9

Alleluia, alleluia!
Ach is cine tofa sibhse,
sagartacht ríoga, muintir naofa,
pobal a cuireadh ar leithrigh,
le go bhfógródh sibh éachtaí an té sin
a ghlaoigh as an dorchadas amach oraibh chun a
sholais iontaigh féin.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh
Eoin 3:1-6.

*Mura nginfear duine athuair ní féidir dó ríocht
Dé a fheiceáil.*

Bhí ar na Fairisínigh duine darbh ainm
Níocodaemas, uachtarán ar na Giúdaigh.
Tháinig an duine seo chuige san oíche agus dúirt
leis: 'Tá fhios againn, a raibí, gur oide thú a tháinig
ó Dhia óir ní féidir le haon duine na comharthaí seo
a dhéanann tú a dhéanamh gan Dia a bheith leis.'
D'fhreagair Íosa:

'Amen, Amen,' ar sé leis,
'mura nginfear duine athuair
ní féidir dó ríocht Dé a fheiceáil.'

Dúirt Níocodaemas leis: 'Conas is féidir duine a ghiniúint agus é ina sheandúine? An amhlaidh a d'fhéadfadh sé dul isteach i mbroinn a mháthar agus teacht ar an saol athuair?' D'fhreagair Íosa:

'Go deimhin féin a deirim leat,
mura ngintear duine ó uisce agus ón Spiorad,
ní féidir dó dul isteach i ríocht Dé.
An ghin a gineadh ón bhfeoil is feoil í;
an ghin ón Spiorad is spiorad í.

Soiscéal an Tiarna.

10

Comhgháir an tSoiscéil **Eoin 3:16**

Alleluia, alleluia!
Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin
gur thug sé a Aonghin Mic uaidh
i dtreo, gach duine a chreideann ann,
nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha
shíoraí aige.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh **Eoin 3:16-21.**

*Gach duine a chreideann ann, nach gcaillfí é
ach go mbeadh an bheatha shíoraí aige.*

Dúirt Íosa le Níocodaemas:

Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin
gur thug sé a Aonghin Mic uaidh
i dtreo, gach duine a chreideann ann,
nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha
shíoraí aige.
Óir ní chun daorbhreith a thabhairt ar an saol
a chuir Dia a Mhac uaidh ar an saol
ach chun go slánófaí an saol tríd.
An té a chreideann ann ní thabharfar
daorbhreith air,
ach an té nach gcreideann ann,
tá daorbhreith tugtha air cheana féin,
mar nár chreid sé in ainm Mhac Dé, a Aonghin.
Agus an daorbhreith, is mar seo í:
mar gur tháinig an solas isteach sa saol,
agus gur rogha leis na daoine an dorchadas thar
an solas
de bhrí gurbh olc iad a ngníomhartha.
Óir gach duine a bhíonn ag déanamh an oilc,
bíonn fuath aige don solas agus seachnaíonn sé
an solas,
le heagla go gcáinfí a ghníomhartha.
Ach an té a dhéanann an fhírinne,
tagann sé chun an tsolais,
chun go dtaispeáinfe gur i nDia
a rinneadh a ghníomhartha.'

Soiscéal an Tiarna.

11

Comhgháir an tSoiscéil **Eoin 8:12**

Alleluia, alleluia!
Is mise, a deir an Tiarna, solas an tsaoil.
An té a leanfaidh mise,
ní shiúlfaidh sé sa dorchacht,
ach beidh aige solas na beatha.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh **Eoin 12:44-50.**

Tháinig mise, mar sholas, isteach sa saol.

Ghlaigh Íosa de ghuth ard agus dúirt:

'An té a chreideann ionamsa,
ní chreideann sé ionamsa, ach sa té a chuir
uaidh mé.
Agus an té a fheiceann mise,
feiceann sé an té a chuir uaidh mé.
Tháinig mise, mar sholas, isteach sa saol

i dtreo, gach duine a chreideann ionamsa,
nach bhfanadh sé sa dorchacht.
Má chluineann aon duine mo bhriathra
agus nach gcoinneoidh sé iad,
ní mise a thugann daorbhreith air,
óir ní chun daorbhreith a thabhairt ar an saol
a tháinig mé,
ach chun an saol a shaoradh.
An té a dhiúltaíonn domsa,
agus nach nglacann mo bhriathra,
tá aige an té a thabharfaidh daorbhreith air.
An briathar féin a labhair mé,
tabharfaidh sé sin daorbhreith air an lá
deireanach.
Óir ní uaim féin a labhair mé,
ach an tAthair féin a chuir uaidh mé,
thug seisean ordú dom,
cad a déarfainn agus cad a labhróinn.
Agus tá a fhios agam gur beatha shíoraí a ordú.
Agus uime sin na nithe a labhraím,
is mar a dúirt an tAthair liom a labhraím iad.'

Soiscéal an Tiarna.

12

Comhgháir an tSoiscéil Eoin 14:6

Alleluia, alleluia!
Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha.
Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach
tríomsa.
Alleluia!

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin 15:1-11.

*An té a fhanann ionamsa, agus mise ann,
tugann seisean toradh mór uaidh.*

[Dúirt Íosa lena dheisceabail:]

Mise an fhíniúin fhíor,
agus is é m'Athair an saothraí.
Gach géag ionam nach dtugann toradh,
bainfidh sé í;
agus gach géag a thugann toradh,
barrfaidh sé í,
ionas go dtabharfaidh sí breis toraidh.
Tá sibhse bearrtha de bharr an bhriathair a
labhair mé libh.
Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh.
Faoi mar nach féidir don ghéag
toradh a thabhairt uaithe féin,
mura bhfanann sí san fhíniúin,
sin mar nach féidir daoibhse,
mura bhfanann sibh ionamsa.
Mise an fhíniúin, sibhse na géaga;
an té a fhanann ionamsa, agus mise ann,
tugann seisean toradh mór uaidh;

óir gan mise, ní féidir daoibh aon ní a dhéanamh.
Cibé nach bhfanfaidh ionamsa,
caithfear amach é mar ghéag,
agus feofaidh sé;
agus tógfar agus caithfear sa tine iad,
agus dófar iad.
Má fhanann sibh ionamsa
agus má fhanann mo bhriathra ionaibh,
iarrfaidh sibh cibé ní is mian libh
agus déanfar daoibh é.
Tugadh glóir do m'Athair
sa mhéid go dtugann sibhse toradh mór uaidh,
agus go mbeidh sibh in bhur ndeisceabail
agamsa.
Faoi mar a thug an tAthair grá domsa,
thug mise grá daoibhse chomh maith.
Fanaigí i mo ghrá.
Má choinníonn sibh m'aitheanta,
fanfaidh sibh i mo ghrá,
faoi mar a choinnigh mise aitheanta m'Athar,
agus a fhanaim ina ghrá.
Dúirt mé na nithe seo libh
chun go mbeadh mo lúcháir-se ionaibh
agus go mbeadh bhur lúcháir-se iomlán.

Soiscéal an Tiarna.